

# QUISLE

EAGRÁN 13

SAMHAIN 1999



CEAD  
PLEANÁLA?




Cum an Mheán  
EIS TALAM

Oic no Maoin?  
na GADAINN?

Who Reads Irish? • Mícheál O'Rourke • Roadsigns  
Tuairisc Phatten • Uíbh Ráthach • TG4





Níor chuir TnaG riamh  
aon teora lena mianta...  
Leagamar béim ón tús  
ar chláir den scoth...  
Seo chugainn anois  
an saol úr digiteach.

Réabhlóid Éabhlóid  
*Revolution Evolution*

**TG4**

Súil Eile

<http://www.tg4.ie>



## CUISLE

An tEastát Tionsclaíochta,  
Casla,  
Co na Gaillimhe  
Teil: 091 572077  
Facs: 091 572076  
Ríomhphost: [cuisle@tinet.ie](mailto:cuisle@tinet.ie)

**Eagarthóir:**  
Diarmuid Johnson

**Riarthóir:**  
Mary Ellen Ní Chualáin


**Bainisteoir Fógraíochta:**  
Veronica Ní Ghríofa

**Dearadh:**  
Caomhán Ó Scolaí  
091 572008

**Clóchur:**  
Kilkenny People

**Grianghraf clúdaigh:**  
Cuisle

**Scribhneoirí:**  
Roibeard Ó hEartáin, Brian Ó  
Cróinín, Nollaig Ó Gadhra,  
Mairéad Ní Mhaoilchiaráin, Liam  
Ó Cuinneagáin, Seán Ó Tuairisc,  
Aoife de Paor, John Hughes, Trevor  
Ó Clochartaigh, Diarmuid  
Johnson, Úna Ní Chíosáin,  
Uinsíonn Mac Dubhghaill, Anton  
Mac Cába, Seosamh Mac Muirí,  
Dónall Mac Giolla Easpaig, Antaine  
Ó Faracháin, Seán Mag Uidhir,  
Caitlín Ní Anluain.



Arna fhoilsiú ag  
Foilseacháin an Phobail Teo,  
Casla, Co na Gaillimhe.

# San eagrán seo



**CEIST AGAM ORT**  
*An Times* agus *RnaG*  
nó *An Star* agus *Radio 2?*  
Léigh suirbhé mór  
Chuisle ar na meáin 4



**EGARFHOCAI**  
Who reads *Cuisle*?  
Who reads Irish? 7



**CÉ LEIS TALAMH NA  
GAELTACHTA?**  
An bhfuil praghas na talún  
ag marú an phobail?  
Tuairiscí le **Roibeard  
Ó hEartáin, Brian  
Ó Cróinín, Mairéad Ní  
Mhaoilchiaráin, Nollaig  
Ó Gadhra agus Liam  
Ó Cuinneagáin** 8-13



**MÍCHEÁL O'ROURKE AR  
CUAIRT**  
Chuir **Diarmuid Johnson**  
agallamh ar cheoltóir uasal  
faoina ghairm agus faoina  
thuras síos faoin tír 14



**AR AGHAIDH NA FÉILE**  
Cúlfhéachaint ar  
imeachtaí agus ar  
theachtaí **FÉILE 2000 le  
Trevor Ó Clochartaigh,**  
agus ceamara póca 18-23



At sea? Read our English  
summaries and sidebars  
wherever you find this  
symbol



**AOIBH AGUS RATH**  
ar **ÚIBH RÁTHACH?**  
IarGhaeltacht í Uíbh  
Ráthach feasta, ach tá  
beocht sa bpobal.  
Thug **Úna Ní Chíosáin**  
tamall ina measc 24



**AN FHUINNEOG** 30-35  
**Anton Mac Cába**  
remembers the Inis Gé  
drownings; What is  
freedom of speech?  
Roadsigns, a new column  
for motorists by **Dónall  
Mac Giolla Easpaig,** and  
records to be won



**SÚIL ADUAIDH**  
Cuirfidh tuairisc Phatten  
athrú bunúsach ar an  
RUC, dar le **Seán Mag  
Uidhir** 36




**AN CHLÚID**  
Tá deifir ar Rua: tá sé  
ag teastáil san Afraic.  
Mar sin, caithfidh sibh  
féin scéal a inseacht, a  
pháistí! 37



## DEIS FREAGARTHA

Is é polasaí na hirise seo deis freagartha a thabhairt do gach duine nó do gach eagraíocht a éilíonn sin, má tá siad míshásta faoin méid a scríobhadh fúthu i g*Cuisle*. Téigh i dteagmháil leis an Eagarthóir, Cuisle, Casla, Co na Gaillimhe, nó cuir ríomhphost chuig [cuisle@tinet.ie](mailto:cuisle@tinet.ie) faoin scéal.

**CUISLE AR AN IDIRLÍON**  
<http://homepage.tinet.ie/~cuisle1>



# CEIST AGAM ORT

Scaip *Cuisle* ceistneoir ar a chuid síntiúsóirí mí Mheán Fómhair. Chuir 25% díobh an ceistneoir ar ais chugainn agus é líonta isteach. Sin codán fíor-ard, agus táimid buíoch díobh siúd a scríobh chugainn. Seo thíos cuid de thorthaí an cheistneora daoibh. Tá tábhacht leis an eolas, ní do *Cuisle* amháin, ach do lucht foilsithe na Gaeilge trí chéile.

NAOCHA CÚIG faoin gcéad de na daoine a d'fhreagair ceistneoir *Cuisle* léann siad rudaí eile i nGaeilge chomh maith le *Cuisle*. An 5% nach léann faic i nGaeilge ach *Cuisle*, is dóigh go bhfuil a macasamhail i measc léitheoirí na hirise nach síntiúsóirí iad. De réir na fianaise, agus de réir cosúlachta más ea, tá roinnt céadta daoine ann nach léann i nGaeilge ach *Cuisle*. Bíodh 's go léann roinnt daoine *Cuisle*, *Comhar*, *Cuisle* agus *Lá*, níl ar an 150 a líon isteach an ceistneoir ach beirt (2) a léann *Feasta* agus aon duine dhéag (11) a léann *Saol*. Ceathrar (4) a léann *An tUltach*. Léann duine (1) *Cumas* ar an idirlíon.

Ní léitheoirí móra míosachán iad síntiúsóirí *Cuisle*. Beagnach 10% díobh, ní cheannaíonn siad iris mhíosúil ar bith seachas *Cuisle*. Faoi bhun 5% a cheannaíonn an dá iris Bhéarla ab airde ar an liosta, *Magill*

agus *National Geographic*. *Comhar* an t-aon mhíosachán a bhfuil ceannach acu air: 27% díobh siúd a sheol an ceistneoir ar ais, ceannaíonn siad *Comhar* chomh maith le *Cuisle*.

Ach oiread leis na míosacháin, is díol suntais a laghad foilseachán seachtainiúla a cheannaíonn síntiúsóirí *Cuisle*. Ceannaíonn 67% díobh *Foinse*, agus ceannaíonn trian díobh *Lá*.

Tá trian eile áfach nach gceannaíonn foilseachán seachtainiúil ar bith, Gaeilge ná Béarla. 14% a cheannaíonn an *RTE Guide*. Ní hin le rá ar ndóigh nach mbíonn an *Guide* ar an teallach acu – ceist eile ar fad cé eile a bhíonn ag ceannach irisí sa teach.

Tugann an t-eolas i leith léamh na bpáipéar laethúla léargas speisiúil ar lucht léite *Cuisle*, agus dá réir sin ar lucht léite na Gaeilge. Fathach atá san *Irish Times* (63%), é seacht

n-ábhóg chun cinn ar na habhaic eile. Chomh maith leis na páipéir na tábla, léann dhá réag (12) an *Examiner*, naonar (9) an *Irish News*, cúigear (5) *The Times*, triúr (3) an *New York Times*, beirt (2) an *Observer*, duine (1) an *Derry Journal*.

Maidir le húsáid an Bhéarla, shíl 65% gur maith an rud míniú ar na focla neamhghnácha. I measc na ndaoine sin tá daoine a bhfuil Gaeilge líofa acu. 8% agus 9% faoi seach a mhol achoimre nó réamhrá Béarla.

Maidir le cumas Gaeilge, Gaeilgeoirí líofa 61% de shíntiúsóirí *Cuisle* de réir an cheistneora. Gaeilge maith go leor atá ag 32%. Cúpla focal atá ag 3.9%.

Fágann sin gur Gaeilgeoirí maithe tromlach na léitheoirí, ach go mbíonn fonn ar dhaoine ar bheagán Gaeilge breathnú ar an iris, agus ábhar ann dóibh.

## An bhfuil gnéithe de shaol na linne ba mhaith leat a fheiceáil i gCuisle?

Aisle	15-25	25-40	40+	15-25	25-40	40+	25-40	40+
An Stocmhargadh	2	1	3	2	2	2	0	0
Rásaíocht Capall	0	1	2	0	0	0	0	0
Faisean	1	2	3	5	3	9	0	1
Cócaireacht	1	7	6	1	6	5	0	1
Scannáin	3	7	14	3	4	9	1	2
Cúrsaí Gnéis	2	8	8	1	2	0	1	0
Cúrsaí Litríochta	4	11	34	3	3	16	1	3
Cúrsaí Ealaíne	1	7	16	2	5	10	0	1
Garraíodóireacht	0	2	16	0	4	4	0	5
Cúrsaí Sláinte	1	9	16	4	5	10	1	5
Cúrsaí Staire	2	18	38	3	4	9	1	6
Cúrsaí Eolaíochta	0	7	16	1	3	4	1	5
Iascach	0	3	3	0	1	0	0	1

Léaráid 1 (Na colúin bhána ar dheis, sin daoine nár dhúirt an fir nó mná iad.)

## Céard eile is spéis libh?

Chuir muid ceist ar na daoine cé na gnéithe den saol ba mhaith leo a fheiceáil i gCuisle seachas a mbíonn ann go dtí seo: cúrsaí staire (53%); cúrsaí litríochta (49%); cúrsaí sláinte (33%); cúrsaí ealaíne (27%); cúrsaí scannán (28%). Ba mhaith leis an tríú cuid de na mná mír faisín. Beirt a luaigh an pholaitíocht nó cúlchaint. Chuir muid ceist ar na síntiúsóirí cé na colúin rialta nach dtaitníonn leo. Ní raibh drochmhéas ar cheann ar bith faoi leith. Ach dúirt 18% nach dtaitníonn Líonta Liombó leo.

**An léann tú rudaí eile i nGaeilge?**

Léim	146	94.77%
Ní Léim	8	5.23%
Foinse	107	69.93%
Lá	59	38.56%
Comhar	42	27.45%
Scéalta	78	51%
Filíocht	56	35.94%
Eile	52	34%

Léaráid 2

**Cé na páipéir laethúla Bhéarla a léann tú?**

The Daily Star	7	4.57%
The Sun	4	2.6%
Irish Independent	86	23.52%
Irish Times	96	62.74%
Guardian	12	7.84%
Ceann ar bith	11	7.18%

Léaráid 4

**Cé na stáisiúin raidió a n-éistean tú leo?**

RnaG	115	75%
RTÉ 1	101	66%
RTÉ 2	22	14.37%
Lyric FM	47	30.07%
BBC	26	17%
Raidió Áitiúil	49	32%

Léaráid 3

**Dearadh**

Dearadh 'nua-aoiseach' atá ar Chuisle dar le 87% díobh siúd a d'fhreagair. Triúr a shíl é a bheith 'seanfhaiseanta'. 'Avantgarde' atá an dearadh dar le 4%. 'Complicated', 'contemporary', 'trying to be modern' trí nóta Béarla a cuireadh chugainn.

**Cé na páipéir laethúla Bhéarla a léann tú?**

Ádh	15-25	26-40	40+	15-25	26-40	40+	25-40	40+
The Daily Star	1	2	3	0	0	0	0	1
The Sun	0	2	1	0	1	0	0	0
Irish Independent	2	4	12	3	5	3	1	1
Irish Times	4	14	38	4	7	20	3	6
Guardian	0	3	6	0	1	1	0	1
Ceann ar bith	0	4	3	0	0	1	0	3

Léaráid 5

(Na colúin bhána ar dheis, sin daoine nár dhúirt an fir nó mná iad.)

**mfg**



**Fóram na Gaeltachta**

12 - 13 SAMHAIN 1999

**Óstán Chois Fharraige,  
Na Forbacha, Co. na Gaillimhe**

*Toghchán Údaras na Gaeltachta, Pleanáil agus  
Tithíochta sa Ghaeltacht, Forbairt  
Eacnamaíochta agus Forbairt Teanga,  
Riachtanais na nGaeltachtaí Beaga, Oideachas,  
Oiliúint agus Óige, Ról na nEagraíochtaí  
Pobal agus Deonacha srl*

Á reachtáil ag  
**Comhdháil Náisiúnta na nGaeilge agus  
Meitheal Forbartha na Gaeltachta**

Eolas: 01-6794780, aine@comhdhail.ie  
091-593410, mfggaillimh@tinet.ie

**An Fiontraí tú?  
Samhlaigh seo...**

**BSc in Airgeadas, Ríomhaireacht  
& Fiontraíocht**  
(Finance, Computing & Enterprise)

- Ríomhaireacht, Airgeadas & Teanga Eorpach (Fraincis, Gearmáinis, nó Spáinnis)
- Forbairt Fiontraíochta
- As Gaeilge toisc go bhfuil ceangal idir féiniúlacht náisiúnta, féinmhuinín agus fiontraíocht

Uimhir DCI18 i Lámhleabhar an CAO

**FÍSEÁN AR FÁIL**



Caoimhe Ní Bhraonáin/An Dr. Caoilfhionn Nic Phóidín  
FIONTAR • Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath (DCU) • BÁC 9  
Tel: (01) 704 5614 • Facs: (01) 704 5690 • Ríomhphost: nibhraoc@ccmail.dcu.ie

# Litreacha chuig an Eagarthóir

Beidh fáilte roimh chomhfhreagras i nGaeilge, i mBéarla, nó i dteangacha eile. Seol do litir chuig: An tEagarthóir, Cuisle, Casla, Co na Gaillimhe. Ríomhphost: cuisle@tinet.ie

## Cara de dhíth

Alexander Nikolayev  
Maladzlozhny m-n. d. 86 kv 9  
(a/s 9)  
24 7400 Svyetahorsk  
Belarus  
Fón: 375 2342 43743

A chairde,

Tá mé naoi is tríocha bliana d'aois. Táim i mo chónaí i Svyetahorsk i ngiorracht do

Chernobyl. Bhí mé i mo mhúinteoir sa scoil ocht mbliana ó shin má bhí orm mo phost a athrú. Oibrím anois i monarcha a dtáirgtear bord rocach ann. Is féidir liom mo theangacha a úsáid freisin.

Tá bean chéile agam, Ala, mac agus iníon. Is múinteoir Béarla agus Iodáilise í Ala agus bhí sí in Éirinn faoi dhó. I 1996 bhí mo mhac Alexander in Éirinn don

chéad uair. Tá sé dhá bhliain déag d'aois. Fáiltítí rompu i dTulach Mhór. An am seo a thug sé chugam leabhar *Progress in Irish*. Thosaigh mé Gaeilge a fhoghlaim. Is féidir liom a rá nár bhfuil an ghramadach Gaelach cas, ach tá sí an-neamhghnách dom: feidhmítear duláí teangeolaíochta nach amhlaidh do na déanmhais i dteangacha slavacha.

Táim cinnte go bhfaighfidh mé cairde in Éirinn. Tá bocht mo Ghaeilge ach ba mhaith liom bhur dteanga níos mó a fhoghlaim. B'fhéidir beidh sibh in ann cabhair liom. Beidh mé an-bhuíoch díbh má chuireann sibh iris ar bith nó ábhar eile chugam.

Is mise srl.

## Is oth liom a rá

Pádraig Ó Conghaile,  
An Uaimh,  
Co na Mí

A chara,

Is oth liom nach mbeidh mé ag tógáil sintiúis i mbliana. Bhí mé lán sásta tacaíocht a thabhairt do *Chuisle* don chéad bhliain mar bhí áthas orm nuachtiris i nGaeilge a bheith ar fáil.

Ó d'éag Anois bhí sé deacair go leor agam teacht ar ábhar léitheoireachta faoi chúrsaí reatha. Bhain mé triail as *Foinse* ach dar liom nach raibh mórán ann don léitheoir ginearálta cosúil liom féin.

Is eagal liom gur mar an gcéanna a fuair mé *Cuisle*. Is fíor-annamh a léigh mé alt san iris. Bhí sárphíosa agaibh faoin Tibéid (Eanáir) agus píosa in eagrán na Nollag faoin sclábhaíocht i monarchana bréagán, ach b'inn é. Dar liom féin go bhfuil an iomad san iris faoin nGaeltacht. Tuigim gur gá daoibh cúrsaí Gaeltachta a phlé, ach is beag spéis atá



agam i scéalta faoin Údarás, na coláistí samhraidh srl.

Ba bhreá liom ailt i nGaeilge faoin gcomhshaol, cúrsaí athchúrsála, chomh maith le léirmheasanna ar leabhair nua i nGaeilge agus scannáin. Cad faoi cholún faoi ghluasteáin, garraíodóireacht, eolaíocht, creideamh, fealsúnacht agus an dúlra? Níl ansin ach sampla beag. Chuir sibh ceistneoir chugam cheana féin, agus ní fhaca mé an t-athrú is lú ar a raibh i *gCuisle* dá bharr.

Tá súil agam go n-éireoidh libh. Ba bhreá liom nuachtiris shuimiúil i nGaeilge a bheith ar fáil. Cheannóinn í. 'Fhéadfaí iris mar sin a dhéanamh de *Chuisle*.

Is mise srl.

## Irish Identity

Sean Furlong  
<sean@struct.net>

*Why Gaelic Shouldn't be Compulsory in Irish Schools*

"An Act . . . to ensure that the education system . . . respects the diversity of values, beliefs, languages and traditions in Irish society. . . . Every person concerned in the implementation of this Act shall . . . promote the language and cultural needs of students having regard to the choices of their parents."

(These are) the eloquent words of the 1998 Education Act, still not implemented. Respect for parental judgment is a better thing than a national identity.

The "Irish identity" ought to be left in the final decision to individual souls and individual families. It's like freedom of religion.

Is mise srl

TOWN HALL THEATRE PRODUCTIONS

Importance  
of Being Earnest  
Oscar Wilde

## TOWN HALL THEATRE



Wed 3 - Sat 13 November  
(excl. Sun 7) 8pm  
Tickets Wed 3 - All seats £7  
Thurs 4 - Sat 13 - £10/£8

BOX OFFICE OPEN 10 - 7.30 DAILY 091 569777

An Grianán Theatre, Letterkenny  
Mon 15th - Sat 20th Nov. Booking: 074-20777  
Civic Theatre, Tallaght  
Mon 22nd - Sat 27th Nov. Booking: 01-4627477  
Belltable Arts Centre  
Mon 29th Nov. Sat 4th Dec. Booking: 061-319866  
Watergate Theatre, Kilkenny  
Tues 7th - Sat 11th Dec. Booking: 056-61674

## EAGARFHOCAL

Cuisle, An tEastát Tionsclaíochta, Casla, Co na Gaillimhe.  
Teil: 091 572077. Facs: 091 572 076. Ríomhphost: cuisle@tinet.ie

## Forás nó Meath?

GE MHEAD daoine a léann Gaeilge sa lá atá inniú? Seo ceist bhunúsach is gá a mheas. D'fhoilsigh *Cuisle* eolas faoi líon na gcainteoirí Gaeilge (Eanáir-Feabhra '99). Cén céadchodán de na cainteoirí sin atá ina léitheoirí freisin? 71,000 daoine fasta a thug le fios sa daonáireamh go labhraíonn siad Gaeilge gach lá. Cé mhéad díobh sin a léann Gaeilge uair sa tseachtain nó uair sa mí?

Is deacair freagra cruinn a thabhairt air sin, ach tá sé ag luí le reasún agus le fianaise gur 10,000 ar a mhéid ar fad atá ann. Agus ó tharlaíonn cuid díobh sin ar aon teallach le chéile, ní féidir mós mó ná 5,000 cóip d'iris Ghaeilge ar bith a dhíol. Dúshlán mór 3,000 féin. Rud is gaire do 1000 ní hannamh é.

Tá dhá fhoilseachán nua Gaeilge ann le blianta beaga anuas, *Foinse*, páipéar seachtainiúil, agus *Cuisle*. Tugadh

iad sin ar an saol mar gheall go raibh ag éirí go dona le *Anois* agus *Comhar*. An beart a rinneadh nuair a cuireadh tús le *Cuisle*, an beart sách uileghabhalach a bhí ann? An bhfuil an t-omarca páipéirí laga Gaeilge ann fós? *Feasta*, *Comhar*, *Cuisle*, *An Ulltach*, *Foinse*, *Lá*: nach t-omraí iris é sin le freastal ar niche?

Buntáiste a bheadh ann aon iris láidir amháin a bhunú. Iris phrofaisiúnta, Iris a mbeadh daoine i dtionscal na foilsitheoireachta agus na margatóchta á stiúru. Is minic pósadh ina róstadh, a deir tú. Ach léiríonn suirbhé *Cuisle* gur iris trí nó ceithre scór leathanach is fearr a dhéanfadh freastal ar an margadh. Iris a mbeadh tacaíocht iomlán na n-eagraisí Gaeilge aici. Iris ilghnéitheach do phobal ilghnéitheach. Forás nó meath a bhíonn ann i gcúrsaí gnó: cé acu atá i ndán?

### Who reads Irish? Who reads Cuisle?



*[The text in this section is extremely faint and illegible due to the high contrast and grain of the scan. It appears to be a continuation of the article or a separate section.]*

## Athnuachan ar Cheadúnas Craoltóireachta Raidió na Life

Raidió na Life ag athrú minicíochta ó 102.2FM go 106.4FM.

Tá cheadúnas craoltóireachta Raidió na Life á athnuachan ag CRTN go ceann 5 bliana eile. Beidh an stáisiún ag athrú minicíochta ó 102.2FM go 106.4FM i lár mhí na Samhna. Idir an dá linn, beidh Raidió na Life ag comhchraoladh ar an dá mhinicíocht.



Cead pleanála don éan agus an bóthar don duine.

# Cé leis Talamh na Gaeltachta?

Tá cúrsaí pleanála ina mbeocheist ar fud na Gaeltachta i láthair na huaire, agus beidh tionchar acu ar thoghchán an Údaráis. Tá talamh na Gaeltachta á díol agus á ceannacht. Cé a bheas ina gcónaí sa 'nGaeltacht' faoi cheann deich mbliana?

## An Phingin is Airde

Roibeard Ó hEartáin

NUAIR A thriail Joanne Houlihan suíomh talún a cheannach ó Údarás na Gaeltachta leathmhíle ó thigh a muintire, tugadh le fios di go ndíolfai an suíomh ar an bpingin ab airde. Ag

an am san, bhí trí shuíomh ar díol ag an Údarás i mBaile an Fheirtéaraigh Thiar agus bhí £17,000 diúltaithe acu cheana féin ar shuíomh amháin.

Chreid an bhean óg gur chóir don Údarás suíomhanna a sholáthar do mhuintir na háite ar phraghas níos saoire ar mhaithe le pobal na Gaeltachta, go háirithe an óige, a choimeád sa dúthaigh. Diúltaíodh dá hiaratas. D'imigh cead pleanála na

suíomhanna seo as feidhm agus nuair a dhein an tÚdarás iarratas anuraidh chun trí thigh a thógáil ann, dhiúltaigh Comhairle Chontae Chiarraí dá n-iarratas.

Measann bainisteoir réigiúnda an Údaráis, Risteard Mac Gearailt, go mbeadh sé an-deacair talamh a dhíol do Ghaeilgeoirí nó polasaí do phobal na Gaeltachta a chur i bhfeidhm. De réir pholasaí an Bhoird, caithfear talamh a fhógairt go poiblí agus í a dhíol dá réir ar an margadh oscailte. Dúirt an Gearaltach nach bhfuil an tÚdarás ag ceannach talún le díol le daoine óga, talamh ar ndóigh a d'fhéadfadh daoine a cheannach agus a dhíol arís ar phraghas níl' airde.

Creideann Éamonn Houlihan, fear gnó áitiúil, gur chóir don Údarás an chéad rogha a thabhairt do mhuintir na háite agus muna gceannaítear an talamh í a dhíol go poiblí ansin. "Ceannaíodh an talamh ó mhuintir na háite an chéad lá agus í saor go maith" a dúirt sé, agus "murach gur dhíol comharsa suíomh go réasúnta le m'íníon bheadh sí glanta amach as an áit."

Dar le Fiachra Ó Céilleachair, iarrthóir i dtoghchán an Údaráis, gur chóir go mbeadh ról éigin cumhachtach ag an Údarás i gcúrsaí pleanála sa Gaeltacht. Tá Comhairle Chontae Chiarraí ag ullmhú stráitéis nua phleanála do pharóiste Fionn Trá agus gan giog ón Údarás ar an gceist.

Beagáinín ó thuaidh ar an gCoimín tá Comharchumann Tithíochta Chorca Dhuibhne ag iarraidh naoi gcinn de thithe a thógaint do dhaoine ar liosta feithimh na Comhairle Contae. Tá an tÚdarás ina thost.



D'imigh cead pleanála na suíomhanna seo as feidhm



# An Ghaeltacht

## Álainn gan Daoine

Brian Ó Cróinín

Tá bac agus laincis ar chuid de mhuintir na Gaeltachta de bharr rialacha pleanála. Duine díobh sin í Máire Ní Mhaoláin as Cill Chiaráin, Co na Gaillimhe. Tá Máire pósta agus clann uirthi, í ag lorg cead pleanála le deich mbliana anuas.

“Bhíomar ag iarraidh suíomh a cheannacht agus teach a thógáil i Ros Muc i dtús na naochaidí, ach níor éirigh linn, agus thriaileamar suíomh a cheannacht arís i gCoill Sáile, Cill Chiaráin. Ní bhfuairamar cead pleanála don teach ansin ach oiread.”

Is beag rogha a bhí ag Máire Ní Mhaoláin ach imeacht ón nGaeltacht agus cathair na Gaillimhe a thabhairt orthu féin. Tá siad ann le bliain. De bharr gur thiar atá sí ag obair, bíonn turas trí scór míle uirthi gach lá.

Ní hí Máire an t-aon duine a bhfuil an scéal sin le hinseacht acu. Faoin am seo, ó Chnoc na Cathrach siar go dtí na Forbacha, tá muintir Iorrais Aithnigh ag cur fúthu ina ngéabha fiáine a bhfuil cosc orthu ar a bhfód dúchais féin. “Tá pobal mór ó Chill Chiaráin ag cur fúthu i nGaillimh anois, ach tá sé de cheart ag daoine ó Chonamara cónaí ina gceantar féin.”

Cén fáth ar diúltaíodh cead pleanála do Mháire agus dá fear? “Dúirt siad linn nach raibh siad sásta cead a thabhairt dúinn i Ros Muc de bharr gur ceantar áilleachta a bhí i gceist ar thalamh ard. An dara huair i gCoill Sáile, dhiúltaigh siad cead pleanála dúinn toisc nach ar an sráidbhaile a bhí an suíomh ach díreach taobh amuigh de.”

Is ait an rud cead pleanála a chos ar dhaoine i Ros Muc dar le Máire agus an áit á bhánú. “Ní dóigh liom go dtuigeann an Chomhairle Contae an dochar a dhéanann siad nuair a dhiúltaíonn siad cead pleanála do lánúin atá ag iarraidh teach a thógáil in áit a bhfuil daonra beag ann. Nuair a bhogann clann go Gaillimh cailleann an scoil áitiúil leis, agus cailleann an córas eacnamaíochta



leis mar gheall ar an airgead atá á chaitheamh sa gcathair.”


Ar feadh i bhfad, ceadaíodh go leor drochphleanála i gCo na Gaillimhe sa gcaoi 's gur plean níos déine atá i bhfeidhm anois. Ach tá an plean sin léamh ag cách, agus deir an

Chomhairle Contae go dtugtar cead pleanála don té a chloíonn leis. Pé cúis atá le fadhb an cheada phleanála, is fadhb mhór í, agus is cuid í d'fhadhb na titheochta atá ag cur dlúis le meath na seanGhaeltachta.



# Céard a d'éirigh leo a dhéanamh? Céard is gá a dhéanamh anois?

Tionólfar toghchán Údaráis na Gaeltachta i dtús mhí na Nollag. Chuir **Roibeard Ó hEartáin, Aoife de Paor** agus **Seán Ó Tuairisg** agallamh ar bhaill thofa an Údaráis faoina bhfuil curtha i gcrích acu, dar leo féin, ó toghadh iad, agus faoin obair is gá do bhaill thofa an bhoird a dhéanamh le linn na chéad tréimhse eile.



**Mícheál Ó Scannail**  
(Cúige Mumhan)

"Táimse ag obair mar mhúinteoir gairme agus is iad an traenáil agus an fhostaíocht an dá chloch is mó ar mo phaidrín. Bhí na printíseachtaí ana-thábhachtach ach ní ról an Údaráis sna printíseachtaí chomh mór sin anois. Tá suas le 500 duine fostaithe i gceantar Mhúscraí idir monarcha agus gnóanna beaga le tacaíocht an Údaráis ach b'fherr leis Ó Scannail go mbeadh roinnt níos ferr ar na tionscail sa cheantar agus go mbeidís scaipthe amach níos forleithne. Ba mhaith liom go mbeadh tionscail sna Gaeltachtaí eile ach go háirithe i gCiarraí Theas."

Cuireann Mícheál Ó Scannail ana-bhéim ar chaighdeán na bpostanna as seo amach. "Ba mhaith liom go mbeadh níos mó postanna ar ardchaighdeán ar fáil do dhaoine a fhágann na coláistí agus na hollscoileanna. Níl aon deis oibre ag daoine seo ina gceantracha dúchasacha féin."


Féictear dó go bhfuil fadhb ana-mhór i Múscraí ó thaobh pleanála de. "Tá daoine ag bogadh amach as an áit mar go bhfuil sé ródheacair na riachtainí pleanála a shásamh. Ba mhaith an rud é dá bhféadfadh an tÚdarás dul i gcomhairle le Comhairle Chontae Chorcaí chun rud éigin a dhéanamh fé na deacrachtaí pleanála atá ann. Tá sé ag éirí níos deacra do dhaoine fanacht anseo agus tá sé fiorthábhachtach an pobal agus an óige a choimeád anseo."



**Breandán Mac Gearailt**  
(Cúige Mumhan)

"Deinim mo dhícheall ag obair leis an eagraíocht, ag brú ar aghaidh leis an obair agus ag gníomhú de réir tuairimíocht an phobail. Ó bunaíodh na coistí réigiúnda tá aithint áirithe ar fáil sna réigiúin. Ach ní bheidh an Ghaeltacht aithinte a thuilleadh mar aonad amháin ag an Rialtas nó ag an Eoraip, roinnfear na Gaeltachtaí idir na Boird Forbartha Chontae agus is ábhar mór díoma é seo. Caithfear spríocanna a leagaint amach agus iad sin a shroichint nó scaipfear an Bord go na ceithre harda."

"Níl oideachas nó oiliúint trí Ghaeilge sa Ghaeltacht á chur i gcrích i gceart. Tá Roinn Oideachais againn nach féidir leo a cúram a dhéanamh trí Ghaeilinn - státchóras gan dealramh. Pé laigeachtaí atá sna Gaeltachtaí anois bheadh sí imithe fadó gan an tÚdarás - is ferr ann ná as é."



**Pádraig Ó Ceallaigh**  
(Tír Chonaill)

"Caithfidh an tÚdarás oibriú mar bhord, mar ní ina aonar a éireoidh le haon duine amháin sprioc a chur i gcrích. Chomh maith leis sin, caithfidh baill an Údaráis oibriú lámh leis na daoine a bhfuil siad ag déanamh freastail orthu."

"Ceapaim cinnte go gcaithfidh cúraimí níos mó a bheith ag an Údarás agus go mbeidís páirteach in aon ghníomhaíocht atá bainteach le saol na Gaeltachta. Tá mé ag labhairt, is dócha, go háirithe mar gheall ar chúrsaí pleanála agus ar obair an NRA. Níor cheart go ndéanfaí aon chinneadh mór i dtaobh na gceisteanna tábhachtacha seo gan dul i gcomhairle leis na daoine áitiúla, mar is orthu a bheas an tionchar agus is acu is ferr atá tuiscint ar conas mar a bheas."

"Muna bhfuil muid ábalta na daoine óga a choinneáil sa mbaile agus fostaíocht a chur ar fáil, ní mhairfidh teanga ná cultúr. Tá dul chun cinn déanta againn leis na blianta leis an eastát tionsclaíoch i nGaoth Dóhair, agus tá pócaí beaga tionsclaíocha ar fud an chontae, sa bhFal Charrach agus i gCill Chartha mar shampla."



**Daithí Alcorn**  
(Tír Chonaill)

"CHUIR MISE suim speisialta ins na cainteanna a bhí againn le Malaysian Hobid, comhlacht pharmaceutical atá le cur fúthu ar an gClochán Liath. Tá mé sásta go mbeidh siadsan ag oscailt ins an athbhliain agus go gcuirfear suas le 145 post ar fáil.

"Caithfear fostaíocht a chur ar fáil do mhic léinn. Níl ach thart ar 1-3% díobh siúd a fhaigheann céim i gColáiste Réigiúnach Leitir Ceanainn atá ag fanacht sa mbaile. Tá achan duine eile ag obair i mBaile Átha Cliath agus sna cathracha eile. Más é an spríoc atá againn an Ghaeltacht a choinneáil beo, teastaíonn uainn níos mó infheistíocht a dhéanamh i dtionscail na teicneolaíochta chun na daoine óga a choinneáil sa bhaile.

"Is gá don Údarás páirt níos mó a bheith acu ins na hábhair a bhaineann le muintir na Gaeltachta ar nós na turasoíreachta. Caithfear níos mó cúnamh a thabhairt do na daoine atá ag iarraidh a ngnó féin a thosú ins an Ghaeltacht. Mar a sheasann rudaí, tá srian ar an méid cúnamh is féidir leis an Údarás a thabhairt. Ba mhaith liom go dtiocfadh athrú ar an scéal sin."



**Tim Quinn**  
(Connacht)

DEIR Tim Quinn, as Béal a' Mhuirthid, go bhfuil cúrsaí eacnamaíochta Iorrais feabhsaithe go mór le cúig bliana anuas. "Tá méadú ar fhostaíocht agus tá cúrsaí sóisialta agus áiseanna pobail feabhsaithe cuid mhaith," dar leis.

Ceapann sé go bhfuil níos mó airde ag muintir Iorrais ar an timpeallacht. "Tá níos mó daoine ag teacht abhaile, agus tá éileamh an-mhór ar shuíomhanna tithe," a deir sé. "Tá béim níos mó ar chónaí san áit, agus ar an *quality of life*."

Sa chéad tréimse eile, ba mhaith leis go ndéanfaí forbairt cheart ar thionscail a bheadh go maith don cheantar. Tá an "cineál ceart turasoíreachta" go hard ar an liosta aige – daoine a mhealladh chuig an áit a mbeadh meas acu ar an áit, le dalladh airgid.

Beidh béim ar leith aige sna cúig bliana seo amach roimhe ar na bóithre, uisce, séarachas. "Níl córas séarachais i mBéal a' Mhuirthid," a deir sé. Tá 1,400 duine ar an mbaile. "Amach sa bhfarraige a théann sé."

Beidh béim aige chomh maith ar scéimeanna beaga tithíochta de chuid na comhairle contae. "Tá deich dteach tosnaithe i gceantar Inbhir, agus sé theach eile i nGleann na Buaidhe." Beidh sé ag iarraidh teara agus caoi cheart a chur ar aerstráic an Chairn, taobh leis an nGalíochúrsa.



**Connie Ní Fhátharta**  
(Connacht)

SUL MÁ toghadh ar an Údarás í cúig bliana ó shin, cheap Connie Ní Fhátharta nach raibh dóthain airde ag an Údarás ar chúrsaí turasoíreachta. "Anois tá muid ar an mbóthar ceart, ó thaobh cúrsaí teangan agus cultúir dhe," a deir sí.

Deir sí gur leag sí féin béim ar leith ar an gCeathrú Rua, Na hOileáin, agus Carna. Má thoghtar arís í deir sí go mbeidh aird ar leith aici ar na ceantair éagsúla nach bhfuil oiread sin forbartha déanta iontu go fóill. "Caithfidh an tÚdarás féachaint níos géire ar thionscail bheaga áitiúla a bheadh bunaithe ar acmhainní nádúrtha áitiúla."

Beidh aird aici ar fheabhsú na mbóithre, ar scéimeanna uisce agus séarachais, agus gan dabht, a deir sí, ar chúrsaí pleanála. Dar léi go gcaithfear an ceangal atá idir Comhairle Chontae na Gaillimhe agus an tÚdarás a threisiú, mar go mbeidh an dá eagraíocht ag brath níos mó agus níos mó ar a chéile. "Is féidir go mbeadh tionchar an-mhaith agus an-mhór ag an dá eagraíocht ar a chéile," a deir sí.



**Pól Ó Foighil**  
(Connacht)

SNA CÚIG bliana seo caite, deir Pól Ó Foighil gur chaith sé an-chuid ama ag cur cúrsaí pobail chun cinn sa Ghaeltacht, ó thaobh an chomharchumainn de.

"D'éirigh liom, trí Chomhlathas na gComharchumannn Gaeltachta, aitheantas nach beag a fháil d'fheidhmiú agus eagrú agus bainistiú na gcomharchumannn Gaeltachta."

Bhí sé ag iarraidh iad a chur cinn cinn, ó thóg an tÚdarás ar lámh iad ó Roinn na Gaeltachta dhá bhliain ó shin.

Tá eagla air go bhfuil an chontúirt ann nach ndéanfar dóthain infheistíochta sna pobail is láidre Gaeltachta. Má thoghtar é leanfaidh sé dá chúrsa. "Beidh mé ag iarraidh treisiú a dhéanamh ar na comharchumainn Ghaeltachta . . . iad a bheith mar áisinteachtaí forbartha pobail agus Gaeltachta, ní harnáin ó thaobh eacnamaíochta ach ó thaobh teangan agus cultúir freisin."

Deir sé: "Beidh béim ar leith agam ar chaomhnú na Gaeilge sa nGaeltacht, agus beidh mé ag iarraidh struchtúr speisialta a bhunú in Údarás na Gaeltachta leis na haidhmeanna sin a bhaint amach."

# ÚDARÁS NUA, GAELTACHT NUA?

Is é an t-iontas is mó a bhaineann le hacht nua Údarás na Gaeltachta ná an ciúnas a bhain leis an scéal ar fad. Trua sin, arsa **Nollaig Ó Gadhra**. Mar sa chás seo, ní binn béal ina thost. Díríonn sé anseo ar chuid de na buncheisteanna a bhaineann leis an Údarás.

## Maoin

Is é an t-athrú is mó atá ar scéal na Gaeltachta agus na Gaeilge le blianta anuas ná go mbreathnaíonn maorlathas Bhaile Átha Cliath air mar fhadhb mhionlaigh. Ní chreidtear gur ceart stop a chur le díol mhaoin na Gaeltachta le dreamanna nach ndéanfaidh leas na teangan sa Ghaeltacht féin. Fuair muid an deis aimsir Mhaastricht nuair a tugadh cead do mhuintir na Danmhairge stop a chur le díol tithe do na Gearmáinigh gan chead ón údarás áitiúil.

## Rialtas Áitiúil

Is é an locht is mó a bhí agus atá ar

shocruithe an Údaráis faoin dá reacht, sean agus nua, nach bhfuil rud ar bith déanta maidir le socruithe rialtais áitiúil. Leanfaidh ídiú na Gaeltachta go dtí go gcuirtear córas éigin i bhfeidhm, córas a chinnteoidh seirbhís iomlán trí Ghaeilge do na pobail Ghaeltachta maidir le huisce, bóithre, cáin ghluaisteán, scrúduithe tiomána, cead pleanála, íocaíochtaí talmhaíochta agus eile.

## Teanga an Phobail

Tá teipthe glan orainn ar fad aghaidh a thabhairt ar staid an phobail sa Ghaeltacht féin, agus scéal na mbréagGhaeltachtaí. Tá an

scéal sin imithe in olcas le 20 bliain anuas de bharr na drochphleanála, rud a thugann cead do Bhardas na Gaillimhe pobal na Gaeltachta a ídiú thart ar chathair na Gaillimhe.

## Ionradh

Tá scéal an ionsaithe ón taobh amuigh níos dáinséaraí fós anois mar go bhfuil de facto lánfhostaíocht i gCois Ferraige, mar shampla.

I nGaoth Dóhair, ar an eastát tionsclaíochta, mar shampla eile, ní bheidh dóthain oibrithe Gaeltachta ann a líonfadh na poist ar fad atá á bpleanáil: caithfear Béarlóirí a thabhairt isteach.

# Pobal gan Dídean

Mairéad Ní Mhaoilchiaráin

Leis na céadta bliain, bhí sé de ghnás ag bunadh na Gaeltachta a gcuid tithe féin a thógáil. Nuair a phósfadh fear, bhogfadh sé amach agus thógfadh teach dó féin agus dá mhnaoi. Go minic, bhronnadh na tuismitheoirí garradh air. San am sin, ní raibh rialacha dochta ag baint le haistriú talaimh. Ní mar sin atá an scéal inniu. Lenár linn féin caithfidh an rannóg phleanála a bheith sásta chomh maith leis na cláraitheoirí talaimh.

I nDún na nGall go dtí le cúpla bliain, bhí luach na talún réasúnta. Sa bhliain 1969 d'fhéadfá suíomh a cheannacht ar thrí nó ceithre chéad punta. I 1984 bhí ceithre mhíle go leith punta ar thrí cheathrú acra talaimh. Sa bhliain 1999 tá dhá mhíle dhéag nó cúig mhíle dhéag punta ar shuíomh tí, idir leath agus trí cheathrú acra. Tá seanteach




athchóirithe ar díol i gceantar Chloich Cheann Fhaola san am i láthair ar ochtó míle punta, agus díoladh bungalós eile ar chéad caoga míle punta.

Tá an t-airgead mór sin orthu mar gheall ar an oiread daoine as na sé chontaetha atá ag lorg tithe. Íocann siadsan Sterling, rud a thugann buntáiste dóibh. Ní féidir le aos óg an cheantair dul san iomaíocht leo. Tá

an fhadhb seo coitianta in achán ceantar cois ferraige i nDún na nGall.

Má thig tú fríd Dhún Fionnchaidh i rith an tsamhraidh, gaile gallda in iarthuaisceart na contae thart ar chéad caoga míle ón teorainn, is iad muintir na sé chontae a tchí tú. Tá suas le céad teach saoire úr tógtha i gceantar Dhún Fionnchaidh le cúpla bliain anuas. Is iad na conraitheoirí móra a cheannaigh an tlamh, ach dhíol siad le muintir na sé chontae í. Suas le céad míle punta a íocadh ar gach teach. Cén duine de bhunadh na háite a bheadh ábalta an t-airgead sin a foc?

Tá an scéal chomh hóc sin go bhfuil coistí forbartha ag iarraidh talamha cheannacht, tithe a thogáil agus iad a dhíol ansin ar airgead réasúnta leis na daoine óga. Níl sé i bhfad ó bhí Údarás na Gaeltachta ag iarraidh giodáin talaimh a dhíol ar ceant poiblí ach de bharr agóide, socraíodh tús áite a thabhairt do mhuintir an cheantair. Ar an dóigh sin, tá súil go mbeidh daoine óga ábalta cur fúthu san áit arb as iad in áit scaipeadh na mionéan a bheith orthu.



# Údarás gan Ghaeltacht?

Liam Ó Guinneagáin

TÁ IMNÍ ar go leor daoine i dTír Chonaill faoi ionadaíocht na nGaeltachtaí beaga ar bhord nua an Údaráis. Ach tá rud is mó ná ceist na hionadaíochta a chuirfeadh inní ar dhuine. Tá cúlú tagtha ar an Ghaeltacht, agus tá an Ghaeilge chomh lag sin gur deacair a bheith cinnte an mbeidh Gaeltacht ar bith ann i gceann cúpla glúin eile.

Faoi láthair, is léir nach labhrann fiú agus an tríú cuid de mhuintir na Gaeltachta ina hiomláine an Ghaeilge go laethúil. Deirtear go minic go bhfuil páistí na Gaeltachta ag teacht chun na scoile agus gan fiú bunabairtí Gaeilge ar eolas acu.

Muna mbeadh Gaeltacht ann, cén fáth a mbeadh Údarás ann? Tá bun-táistí eacnamúla agus sóisialta ag an tír seo fhad is atá Gaeltacht againn. Ach beidh ar an chéad Údarás eile agus na baill tofa díriú ar stráitéisí teanga a rachaidh i bhfeidhm go dearfach ar an phobal. Beidh gá ag an Údarás le ról oideachasúil a dhéanadh ar bhunscoil-eanna, mheánscoil-eanna, lucht an aosoideachais agus lucht seirbhísí. Beidh ar an Stát an Bille Cearta Teanga a chur i bhfeidhm chun tacú leis seo uile, agus beidh ar na seifteanna chun an teanga a chaomhnú a bheith inghlactha ag na pobail agus ag na daoine ar a bhfuil siad dírithe. Tá neart


daoine ar fud na Gaeltachta ar mhaith leo tograí beaga a bhunú. Bheadh níos mó postanna á gcruthú sa Ghaeltacht dá ndíreofaí ar chumas ár muintire féin agus ar Éireannaigh ar mhaith leo bogadh chun na Gaeltachta.

Ba cheart cinneadh a ghlacadh go mbeidh caoga faoin gcéad d'acmhainní phearsanra agus bhuiséad an Údaráis ag díriú ar cheist na teanga agus an chultúir. Beidh ar na baill a thoghfáir a bheith sásta ceist na teanga a chur ar bharr liosta a gcuid mianta. Muna ndéantar sin i dtosach is ar éigean is fiú polasaí forbartha eacnamúil a bheith ann ar chor ar bith.

Tá Údarás na Gaeltachta i gcomórtas le forbairt agus áisínteachtaí Stáit ó thuaidh, in Albain, sa Phortaingéil agus i dtíortha eile, le tionscúlóirí a mhealladh chun na Gaeltachta. Cé go bhfuil comhlachtaí iasachta áirithe lonnaithe sa Ghaeltacht, ní féidir a bheith cinnte choíche cé chomh fada agus a fhanfas siad ann. Tá an rogha ann cúram thionsclaíocht na Gaeltachta a thabhairt don IDA. Ní mór an difríocht a dhéanfas sé; cén fhianaise atá ann go bhfuil suim ar bith acu sin atá sa Ghaeltacht cheana féin san ábhar seo?

Tá páirt riachtanach ag an Údarás i dtodhchaí na Gaeltachta ach muna mbeidh athrú treo ann, ní fada go dtiocfaidh an lá nach mbeidh a leithéid a dhíth.

## 3Com - 10 Jobs in 'one of the most beautiful places on earth'

 Minister of State at the Department of Arts, Heritage, Gaeltacht and the Islands Éamon Ó Cuív TD, opened the new 3Com Teo R&D facility in Spiddal, Co. Galway recently. The following invitation was sent to *Cuisle's* Gaeltacht office.

The 3Com facility at Spiddal highlights, in a practical yet innovative way, "remote access" and "pervasive networking." It demonstrates that location is not an issue and that people can enjoy the terrific environmental advantages of Connemara while working to the highest level in the computer networking business. The Director of the 3Com Silicon Design Group, Tadhg Creedon, who established the Spiddal facility, has a commuting time of five minutes. OBC motorists eat your heart out! We feel that this (opening) is an interesting event which will send a clear signal to those who want to specialise in the development of the very latest networking technology, that they can do this in one of the most beautiful places on earth, far away from the traffic nightmares of the city.



Brú trachta i gCois Fharraige 'far away from the traffic nightmares of the city'

# Mícheál O'Rourke

## — Cuairt na hÉireann



Planadóir mór le rá é Mícheál O'Rourke a chasann in éineacht le cuid de cheolfhoirne móra an domhain. De bharr na máistreachta atá aige ar cheol Chopin, bhronn Cumann Ealaíontóirí na Polainne an Frédéric Chopin Medal air in Aibreán na bliana seo. Faoi láthair tá sé ina cheoltóir aonair leis National Symphony of Ireland, St Petersburg Philharmonic, Moscow State Chamber Orchestra, an Turkish State Symphony Orchestra agus an Orchestre Symphonique du Côte d'Azur. I measc na ngradam a bronnadh air tá an Classic CD Special Award (An Bhreatain), Disques de l'Année agus Le Monde de la Musique (An Fhrainc). Tá cnuasach ocht CD de cheol John Field eisithe aige, an cnuasach is iomláine de cheol Field. Beidh Mícheál O'Rourke ar cuairt na hÉireann ón 3ú — 14ú Samhain. Music Network atá ag eagrú an turais le tacaíocht an EBS. Seo hiad na bailte agus na dátaí: 3ú Portlaoise; 4ú Port Láirge; 5ú Na Forbacha; 7ú Trá Lí; 9ú B;C; 10ú Leitir Ceannainn; 11ú Aontroim; 12ú Ard Mhacha; 13ú Dún Pádraig; 14ú Portstewart.



pic: DJ

Thuigeas ón uimhir — 00 33 1 — gur i bPáras a bhí Mícheál O'Rourke agus mé ag gaoch air. Tuin bhlasta na Fraincise a bhí ar a ghlór nuair a d'fhreagair sé. Fear a bhfuil seacht ngradam déag an cheoil bainte amach aige ar fud an domhain, ní chuirfeadh sé iontas orm dá mbeadh sé rud beag mífhoighdeach le heagarthóir mion-irise san iargúil. Ach duine níos súilcíní ní fhéadfá tamall comhrá a dhéanamh leis. Cheistníos é faoi thuras Network, faoin nGaeilge, agus ó tharla nach raibh réiteach déanta agam, faoi rud ar bith a rith liom.

Is fada Mícheál O'Rourke i bPáras.

"I've been here since 1967 with a two year gap," ar sé, ceol Bhaile Átha Cliath ina ghlór. D'fhág sé Éirinn le dul ag staidéar agus le slí bheatha a bhaint as an bpianó, rud nárbh fhéidir a dhéanamh an t-am sin, cé go bhféadfaí é a dhéanamh sa lá atá inniu ann, dar leis.

Ar minic a sheineann sé ceol in

Éirinn? "Not so often. I play with the National Symphony Orchestra as soloist usually once a year. That might mean one concert which is toured around the country a bit, one engagement a season. There are occasional concerts here and there, but not since the mid-seventies I haven't done anything like the Network tour." Mhíneadh sé eagrú an turais sin: "It goes

# O'Rourke in the Music Network

**Bóthar an Aifrinn agus Séipéal na bhForbacha áit a sheinn Mícheál O'Rourke ceol Esposito agus Chopin**

back in the mists a bit. They probably realised that they hadn't invited me, because Network only came into being in recent years."

Cé mhéad coirm cheoil in aghaidh na bliana a dhéanann ceoltóir clasaiceach a bhfuil an barr bainte amach aige? "This year I'm on a sort of a roll of concerts, in the region of forty to fifty concerts this year. Last year I was recording more. Very often during recording, you are playing repertoire which you mightn't have played before. And a whole month through maybe a whole year goes into the preparation of a CD."

Le linn thuras Network, seinnfidh Mícheál cuid den cheol a thairfead sé anuraidh, ceol Esposito, cuir i gcás. "Esposito was an Italian composer and pianist who lived in Dublin for nearly half a century who left a great deal of influence there. Practically everybody teaching in Ireland now is in the Esposito line. He died in 1929 but he had been there since 1882. He was the figure most *en vogue* as they say in French. He founded the Feis Ceoil in Dublin, the RDS series of recitals, and he founded an orchestra and conducted it."



**"He seemed to be able to write extremely convincingly in the style of any composer from Chopin or Schumann right up to Yanacek or Debussy"**

Ceist ar lucht oirfide agus éigse go hanmhínic cén traidisiún lena mbaineann cumadóirí. "It's very hard to actually place Esposito. He seemed to be able to write extremely convincingly in the style of any composer from Chopin or Schumann right up to Yanacek or Debussy at least as far as piano music is concerned."

Beidh Esposito ar chlár thuras Network, ceol nach gcluintear mórán. "I'm playing three pieces which represent the dawn, midday and twilight. They're among the last pieces he wrote. They would be not modern, not dissonant in the contemporary fashion, but still 20th century music."

**"I'm so glad you played Liszt at last. Grandfather had lessons with Liszt. This was in the mid-seventies in Ballina."**

Halláí breátha agus árais mhaorga sna cathracha móra a samhlaítear uair-eanta le scoth an cheoil chlasaiceach. Chuireas ceist ar Mícheál cé mar a thaitníonn leis dul síos faoin tír. "I'm very happy about that. Twenty years ago when I used to play around Ireland, although you would get a very enthusiastic audience, the instruments usually were very bad. They simply weren't there. And so I gave up. If I don't have a decent instrument, I simply can't make good music. But now, Network have organised either concerts which take place where there is a decent instrument or else they tour, they travel a piano."

Is maith le Mícheál O'Ruairc ceol a chasadh in áiteacha beaga. Cuma más beag mór an halla, is í an obair chéanna í, a deir sé. Faoin tuath, is minic nach mbíonn tuairim láidir ag an lucht éisteachta faoin gceol. Ar an taobh eile den scéal, bíonn duine ann i gcónaí a mbíonn na múrtha eolais aige. "I remember playing in Ballina. There was always this guy present. He came to me and said: "I'm so glad you played Liszt at last. Grandfather had lessons with Liszt. This was in the mid-seventies in Ballina."

Cén caidreamh a bhíonn ag an gceoltóir clasaiceach leis an lucht éisteachta. Cé chomh haonarach 's a bhíonn an ceoltóir agus é ag cur brí sa gceol? Deir Mícheál gurb é an sult a bhaineann daoine as an gceol is tábhachtaí sa deireadh thiar. "It's very good to pick one individual or one point in the hall that you play to, the focus. Because otherwise it stays dead flat on the stage, you know. Inevitably in the course of a concert you get feedback. The most pleasurable feedback for me is absolute stillness and silence. That means that they're gripped."

Ní hionann agus an ceol traidisiúnta, shílfeadh duine go léitear an ceol claisiceach cuid mhaith den

am. Tá a chuid ceoil de ghlanmheabhair ag Mícheál. "They only time I use a score, and it's very rare, is in contemporary music where it's very complicated, or if the piece is totally new. I'm 51 years old, and I imagine as time goes I will use the score more. To memorise as I have memorised most of my repertoire over the last thirty years, you know, there isn't that much time left and I would like to play at least as much again of new stuff."

Sleamhaíonn an t-ainm thart, agus cuireann duine lena stór ceoil. Ach cén uair is fearr an ceol má cuirtear taithí, eolas agus cumas le chéile? "I don't like to think of it," arsa Mícheál ag gáire go croíúil. "A large part of the thing obviously is sheer talent which speaks for itself. You hear extraordinary

performances sometimes from children. But an immense amount of convincing performance comes out of experience and the ability to communicate. Children don't have that for a large repertoire. On the other hand it stands to reason that physically we don't get any better as we get older. But the experience of knowing how to employ your technique is very important."

### "I deeply regret that the Irish language is disappearing"

Bhí sé cloiste agam go bhfuil Gaeilge ag Mícheál O'Rourke. Ghabh sé a leithscéal faoi mheirg go a bhí uirthi: "I've been away for thirty three years."

Creideann sé go bhfuil an Ghaeilge ag dul i léig. "I deeply regret that the Irish language is disappearing. I do hear Irish spoken among the intelligensia in Dublin, a little bit. I know there's TG4, and I believe that even people who are not Gaeilgeoirí for preference will listen to the news on TG4. I could be completely wrong, but my impression is that there is no-one really writing in the language. I would like to see it in film, in theatre, and I would personally go to that film and theatre. I only ever had Irish out of a Dublin school, but I had all my education until the penultimate year through Irish. I would like to see it used far more, and it ought to be. About the Irish language, I really am quite disturbed."

Beatha teangan a scríobh, arsa mise, agus dá mba mhian leis alt a scríobh faoi chúrsaí ceoil . . .

"We'll talk about it when I get over." Stop an téip go tobann, agus thuigeas go raibh leathuair cainte déanta againn. "Bille fóin, bille fóin," arsa mise liom féim. "It's been a pleasure speaking with you, Mícheál." Is é an dias is troime is ísle a chromann a cheann.

Diarmuid Johnson





## COMÓRTAS

Tá dlúthcheirnín le Mícheál O'Rourke, Esposito, première recordings, Works for Piano le buachaint ach an cheist seo a fhreagairt:


**Cén bhliain a ndeachaigh Mícheál O'Rourke go Páras?**

Freagra chuig: Cuisle, Casla, Co na Gaillimhe.

# Forbairt na Gaeltachta...

Forbairt chultúrtha, shóisialta agus thionsclaíochta na Gaeltachta - sin é cúram Údarás na Gaeltachta

*Tá páirt duitse san obair thábhachtach seo!*



**Údarás na Gaeltachta**

Na Forbacha, Gaillimh. Teik: (091) 503100 Facs: (091) 503101  
ríomhphost: eolas@udaras.ie <http://www.udaras.ie>



# Lán a' Mhála i mBéal Feirste



**John Hughes**


**Belfast Festival at Queen's,  
29ú Deireadh Fómhair -  
14ú Samhain**

Réamhcheilúradh na mílaoise is ea téama na bliana seo ag an Belfast Festival at Queen's. Beidh 332 imeachtaí éagsúla ar siúl le linn na féile:- cóisir filíochta agus cóisir mhór damhsa le *son latino* ar an oíche dheireanach.

Beidh *Don Giovanni* agus *Rigoletto* á gcur i láthair ag Opera Náisiúnta na Breataine Bige. Johnny Mars ag seinnt blues harmonica a théann go smíor agus go smúsach agus *Courtney Pine*, draoiódóirí an jazz saxophone, beidh siad ann. Sa Waterfront Hall feicfead *Cirque Eloise*, sorcas ón Québec.

Beidh *The Cherry Orchard* le Anton Chekov á chur i láthair ag Amharclann Bheag Vilnius ón Liotuáin le fotheidil Béarla ós cionn an stáitse. Cuirfidh an San Francisco Ballet seoda ó bhallet na cruinne ar an stáitse sa Grand Opera House. Beidh leagan drámatúil de *Cúirt an Mheánoíche* á cur i láthair i nGaeilge ag Compántas Amharclainn na Mainistreach sa White Rock Road Theatre.

Tá aif lárnach ag na fisealaíona sa bhféile le dhá bhliain anuas mar gheall ar an mborradh mór atá faoi chúrsaí fisealaíne sa chathair. Ó 1995 mhéadaigh líon na spásanna atá i stiúdeónna ealaíne Bhéal Feirste ó 50 go 110. Beidh fáilte roimh an bpobal breathnú ar ealaíontóirí i mbun oibre ag na Laethanta Oscailte ins na Queen St. Studios (4ú - 5ú Samhain) agus ins na Orchid Studios, King St. (12ú - 13ú) Samhain.



Bun úr

# Lá

Beidh an taispeántas *Art from the Rucksack* ar siúl i gCatalyst Art, Exchange Place. Chuaigh seisear ealaíontóirí go Ljubljana na Slóibhéine i 1997 agus tháinig seisear ealaíontóirí Slóibhéan-acha go hÉireann i mbliana. Rudaí a mbeadh áit dóibh istigh i mála droma, sin iad atá ar taispeáint in *Art from a Rucksack* – lón intinne agus lán mála. Taispeántas eile a bheidh sa Belfast Festival ná *Landscape: 300 Years of Irish Art* le feiceáil san Ulster Museum.

Má tá tóir agat ar na scannáin, tá German Kino Season ar siúl, agus seans leis an *classic Liebele* ó 1932 le Max Ophuls a fheicéil ar an scáileán mór. Ag na BT Belfast Talks Series beidh na scríbhneoirí Susan Faludi, Colm Tóibín, Jimmy Boyle agus eile ag léamh a gcuid saothar agus ag caint leis an pobal. Beidh *Romeo e Giuletta* á chur i láthair le puipéid ag Teatro del Carretto, amharclann ón Iodáil.

Beidh leagan drámatúil den úrscéal iomráiteach *Clockwork Orange* le Anthony Burgess ar siúl sa Mayfield Leisure Centre. Fainic na Droogs gan trócaire! Críoch spráil a bheas leis an bhféile ar an 14ú Samhain nuair a bheidh ceolchoirm ollmhór saor in aisce le Raices Cubanas, deichniúr as Cúba a bhfuil preab sa gcuisle acu.

[www.nuacht.com](http://www.nuacht.com)

Nuachtán don tríú mílaois

# Ar Aghaidh na Féile



Mike Diskin, príomheagraí na Féile

Ba iomaí Oisín – agus Niamh – i ndiaidh na Féile. Lúcháir agus lagar ar dhaoine tar éis an aoibhnis. D'fhreastal 1,153 ar Bhanríon Álainn an Líonáin, líon nár facthas ag dráma Gaeilge cheana is dóigh in imeacht seachtaine. Bhí 560 ag an Taobh Tuathal Beo, agus 535 ag Kíla. Ó cheantar na Gaillimhe a tháinig formhór na ndaoine. Chaith dramadóirí Bhéal Feirste an tseachtain cois Coiribe. D'ith Cúr Chúil Aodha greim tar éis an cheoil, agus abhaile. Ní raibh na Conallaigh ná muintir Bhaile Átha Cliath ina sluaite ann. “Bhí mé ag iarraidh trí rud a dhéanamh,” arsa Mike Diskin, príomheagraí na Féile. “An ceangal leis an amaitéarachas a bhriseadh, an ceangal leis an mbéaloideas a bhriseadh, agus an bhéim a bhaint den cheol traidisiúnta.” Seo spleáchadh ar imeachtaí agus ar theachtaí na Féile. Agus glacann *Cuisle* buíochas le Mike Diskin agus Breandán Ó hEadhra thar ceann cáich.



Alex Hijmans, Breandán Ó hEadhra agus Micheál Ó Conghaile



Séamas Mac Annaidh



Aisling Ní Dhiomasaigh



Bláithín Ní Chatháin agus Catherine Ní Ghuairim



Máire Ní Neachtain, Nóirín Ní Nuadháin agus Angela Savage

## Tús Fleá Fáilte, Deireadh Fleá Cáineadh

Má ba léiriú iad na drámaí Gaeilge ag Féile 2000 ar staid na drámaíochta i láthair na huaire, tá gá le hinfeistíocht mhór, mar tá muid easnamhach go maith fós, dar le Trevor Ó Clochartaigh



- **Banríon Álainn an Líonán**  
- Amharclann na Cathrach
- **Cúirt an Mheánoíche**  
- Amharclann na Mainistreach
- **Amedée** - Aisling Ghéar
- **Buidéal Fhéile Vailintín**  
Pól Mag Uidhir

domhan. Bhí féasta don tsúil agus don chluais againn i gCúirt an Mheánoíche, stáitsiú físiúil, soilsiú, seit agus ceol beo a bhí mistéireach, mothaitheach fíorshnasta. Bhí áifeis Eorpach, dhorcha, ghreannmhar agus aist-

eoireacht an-mhaith in Amedée. Saothar nuascríofa samhlaíoch, dúshlánach, *avant garde* a bhí i mBuidéal Fhéile Vailintín. Ach cé go bhfuil ardmholadh ag dul do na drámaí ar fad as gnéithe éagsúla den léiriú, ní féidir a rá go raibh aon cheann acu gan locht.

Ba é an laigeacht ba shuntasáí ins na drámaí ar fad ná easpa gairmiúlachta na haisteoireachta. Cé gur sheas taispeántais Sheáin Uí Tharpaigh agus Mháire Stafford sa Bhanríon Álainn amach, bhí rudaí beaga as cor san aisteoireacht i ngach dráma eile. Bhain seo ón mistéir, ón gcríochnúlacht agus ó éifeacht na drámaíochta.

Cúrsaí teangan agus foghraíochta is mó a chuir as dom sna drámaí. Cuid d'aisteoirí na Mainistreach ba chiontaí i gCúirt an Mheán Oíche. Fiú agus dúshlán ann dóibh de bharr chomh fileata, liteartha agus 's a bhí script Tom McIntyre, ní féidir a mhaitheamh dóibh chomh lag agus a bhí foghraíocht agus urlabhraíocht



Darach Mac Con Iomaire agus Mairéad Ní Chonghaile

NÍ GÁ ACH BREATHNÚ ar chlár Féile 2000 le feiceáil go bhfuil brí agus neart faoin drámaíocht anois nach raibh le fada. Ba mhór an éacht an oiread seo drámaí ar ardchaighdeán a bheith ar an stáitse an tseachtain chéanna. Ach bhí sé ríshoiléir freisin go bhfuil bundeacrachtaí ag baint le dráma Gaeilge a léiriú, rud a chiallaíonn gur gá infheistíocht mhór a dhéanamh sna daoine, agus sna compántais a thugann faoin gcineál seo oibre.

Bhí an léiriú agus an charachtaeracht sa Bhanríon Álainn ar chaighdeán chomh hard is a gheobhfá ar stáitse in aon áit ar



Máire agus Seán Stafford



Lillis Ó Laoghaire

cuid de na haisteoirí, Karen Ardíff agus Brendan Conroy, cuir i gcás, beirt a bhí cumasach ar bhealaí eile. Bhí deacrachtaí urlabh-raíochta sa Bhanríon ag Mairéad Ní Chonghaile agus Darach Mac Con Iomaire ó am go chéile. Is cuid bhunúsach de cheird na haisteoireachta í seo, agus léirigh drámaí na Féile seo gur gá dúinn díriú fós ar na bunriachtanais.

Is díol suntais freisin chomh mór is atá muid ag brath ar an stair agus ar shaothair aistrithe dár gcuid drámaí. Cá bhfágann sin an scríbhneoireacht chomhaimseartha i ndrámáíocht na Gaeilge? Tógann dráma Tom McIntyre a



Mary Chris Ní Chionnaith

chuid inspioráide ó bhunábhar le Brian Merriman, Bhí Amharclann na Cathrach ag brath ar aistriúchán ar shaothar Mhartin McDonagh, cé gur aistriúchán den scoth a bhí ann, agus is aistriúchán ar áiféis - *absurdité* - Ionesco a léirigh Aisling Ghéar. Bhí bundráma comhaimseartha amháin againn ó Phól Mag Uidhir, Buidéal Fhéile Vailintín, ach cé go raibh coincheap an dráma go maith, bhí sé beagán lag ó thaobh chlisteacht comhrá de, agus é simplíoch in áiteanna.

### 'Léirmheastóireacht chriticiúil a fháil ar na drámaí atá á scríobh, sula gcuirtear ar an ardán iad'

Is gá féachaint ar shlite leis an scríbhneoireacht a chothú, a spreagadh agus a neartú le go mbeidh soláthar rialta drámaí snasta, comhaimseartha ar fáil a fheileann dár lucht féachana. Caithfidh muid freisin deiseanna comhairle agus eagarthóireachta a chur ar fáil dóibh siúd atá ag scríobh cheana féin, le léirmheastóireacht chriticiúil a fháil ar na drámaí atá á scríobh, go háirithe sula gcuirtear ar an ardán iad.

Bhí dearadh stáitse, cultacha agus soilse Chúirt an Mheánoíche ar fheabhas, ach bhí na compántais eile gan dealramh sna réimsí teicniúla. Is féidir gur de bharr easpa airgid agus áiseanna a tharlaíonn seo, ach ní miste bundeacrachtaí a lua. Níor chuidigh an soilsiú sa Bhanríon leis an duairceas agus an tsáinn a



Seán Ó Flaithearta

chur in iúl. Bhí an soilsiú sna drámaí eile amaitéireach go maith. Ó thaobh dearadh socráin de, mheas mé go raibh seit na Banríona ró-leathan agus oscailte. Níor léiríodh dóthain *claustrophobia* ann. Bhí *aerobord* ina bhrat urlár i mBuidéil Fhéile Vailintín' agus bhain an síorghíoscán m'aird den dráma go mion minic. Chuaigh an dráma Amedée chun áiféise, sa bhrí is measa den fhocal, sa radharc deireanach, nuair a bhain an compántas ón mórobair a bhí déanta go dtí sin, le radharc puipeadóireachta, radharc a bhí rófhada agus míphointeáilte. Is gá feabhas ar réimsí teicniúla na ndrámáí. Is gá infheistíocht a dhéanamh i struchtúr na drámáíochta le tacú leo siúd ar mian leo lasair na drámáíochta a bhreith leo go lonrach isteach sa chéad mhílaois eile.



Audrey Ní Fhearghail



Brian Ó Rualrc

## Merriman and Italian Opera

 ITALIAN OPERAS are sung by foreigners all the time. And Bernadette McGreevy sings Schubert, but the problem of imperfect diction and flawed grammar raised its head at FÉILE 2000 in the context of theatre and broadcasting. Head of TG4 Cathal Goan pointed a finger at third level institutions who confer unworthy degree candidates.

Whatever the reasons, the FÉILE 2000 stock-taking shows that the pool of people available to entertain us well in Irish is shallow. 'How can we be positive?' asked *Cuisle*, summoning Brian Merriman's ghost. He said: 'Some of actors taking part in

FÉILE 2000 could speak little or no Irish short years ago. They have improved. But maybe the scripts they are given need to be tailored to their needs.

A second phenomenon became apparent during FÉILE 2000: the nature of the audience. Two points: undiscerning, and undernourished by an amateur tradition, does this audience know what to demand of its theatre? And: as understanding of the literary tradition flies out the window, do we have a theatrical language at all?

And the ghost departed chanting:

Is leathanmhar láidir lámhear  
léadmhar

Fairsing le fáil an t-álbhach saor  
seo.

Is minic do chímse bríomhar  
borrtha

Cumasach líonta i gcroí 's i gcúir  
iad,

Créim ní fheicim ná doille ná  
caoiche


I léim ar leithre dár oileadh ú  
mhnaoi ar bith

Is mú is is mire is is teinne is is  
tréine

I gclú is i gclisteacht ná  
dlisteanagh éinne!

(Cúirt an Mheánoíche,  
Tom McIntyre  
après Brian Merriman.)

## Something Deeper

 Is é Aled Jones-Williams údar *Sundance*, dráma Breatnaise a léiríodh ag Féile 2000. Chonaic Aled *Cúirt an Mheánoíche* i dTaibhdhearc na Gaillimhe: bhreac sé a thuairim faoi ar chúl bileoige.

Once at a Catholic Mass in France, not understanding a word, I was taken over by something deeper. Words, not ends in themselves, but little doorways, led me into a beyondness. The same was my experience recently watching *Cúirt an Mheánoíche*.

I have no Irish. So the play had to speak to me through its images which the words interpreted as they lead me beyond their actual meaning...

I became aware of two words meeting: 50s' Ireland and the time of the original poem; worlds of the dead and living, imagination and reality; saying and censorship, your own and official; the meeting of the play on stage and today's audience.

What images linger? The repressed censor and his secretary meeting the inner freedom embodied by a number of the other characters. Embodiment, being at ease with one's sexuality and the very bodiliness of acting, dancing



and music.

There was the dramatist's interpretation of an old text. How the wonderful music on stage - not forgetting the phallic didgeredoo - expressed the feelings and movements of the characters. How people react to the actual meaning of a text. How languages - Irish in your case, Welsh in mine - reach beyond themselves to the common speech of humankind, the speech of sex, pain, loss and meaning.

I was touched at a deep level by the play, a reflection of the writing, acting, production and design. I was moved beyond words to archetypes and what we humanly share. The text had become theatre. I loved it.



Suzanne ag déanamh damhsa an imleacáin ag ceiliúradh *Chuisle*: 'the very bodiliness of acting, dancing and music'.

# Todhchaí na Craoltóireachta Gaeilge

D'fhreastail Diarmuid Johnson ar an díospóireacht faoi thodhchaí na craoltóireachta Gaeilge ag Féile 2000. Tórramh gan tobac a bhí ann.

GRUINNIÚ DUAIRC a bhí i gcruinniú na craoltóireachta ag FÉILE 2000. Seachtar fear a bhí ar an bpainéal. Beirt chathaoirleach, ar fhaitíos an sliúchais. Culaith dhubh ar thriúr. Ar chúl an halla sa meathsholas, cosamar daoine ag éisteacht. Cuid acu ar bís le daorbhreith a thabhairt, nó an chuma orthu.

Labhair an gníomhaí teangan Ciarán Ó Finneadha ar dtús. "Más féidir linne dul amach agus neart fógraíochta a fháil trí Bhéarla, déanaimis é, agus an t-airgead sin a úsáid le tuilleadh cláracha a dhéanamh d'ardchaighdeán Gaeilge. Cathain a tharla sé gur éirigh muide chomh lag sin nach bhfuil muid ag iarraidh ár mianta féin a

bhaint amach trí Bhéarla?"

Chuir Ciarán béim ar phobal na Gaeilge le linn a chuid cainte. Lochtaigh sé polasaí TG4 i leith freastail ar an bpobal. "Tugadh treoir do roinnt den fhoireann gan a bheith ag craoladh scéalta a bhain le Gaelscoileanna," ar sé. Thagair sé don bhille craolacháin freisin: "Ins an reachtaíocht nua, níl an focal Gaeltacht luaite go sonrach ó thús deireadh. Ní deirtear fiú go gcaithfidh na cláracha a bheith i nGaeilge. "Teilifís na Gaeilge shall provide a comprehensive range of programmes that reflect the cultural diversity of the whole island of Ireland and include programmes that entertain, inform, educate,

provide coverage of sporting and cultural activities and cater for the expectations of those of all age groups in the community whose preferred spoken language is Irish or who otherwise have an interest in Irish' (39.4a).

Cuireann sé díomá an domhain orm nach bhfuil níos mó díospóireachta ann faoi ghnéithe den reachtaíocht seo."


Labhair Muiris Mac Conghail ar an dara duine. Bhí cáipéis ullamh aige, ach bhí sí gan scaipeadh ar an lucht éisteachta. "Is le teacht na ré digitú a fhairsingeofar líon na gcainéal ar fud an domhain agus go deimhin anseo in Éirinn," arsa Muiris Mac Conghail. Thagair sé do rud a dúirt an tOllamh Farrell



Uinsíonn Mac Dubhghaill agus Diarmuid Johnson



Gearóid Ó Murchú agus Brian Ó Cróinín



Liam Ó Floinn agus Breandán Delap



Máirín agus Joe Steve Ó Neachtain i measc cairde

Corcoran maidir le cúrsaí an bhille chraolacháin: 'Tá sé in am an deontas i gcabhair a cheartú de réir tionscnamh an lae inniu ionas gur féidir forbairt a phleanáil agus ceartchistiú a dhéanamh ar sceideal TnaG.'

Ceist mhór é an 'ceartchistiú', agus sa deireadh thiar is dóigh go mbeidh tionchar ag toil an phobail ar an gceist: chuirfeadh sé le hachmhainní na teilifíse breis airgid a bheith á íoc ar an gceadúnas teilifíse. An ceadúnas teilifíse a ardú go mór le TG4 a mhaoiniú, b'ionann é ar bhealach agus síntiús ón lucht féachana. Dar ndóigh, cuireann sé sin cúrsaí craolacháin níos gaire don réimse phríobháideach. "Ní chloisim duine ar bith sa seomra seo, ná i seomra ar bith in Éirinn," arsa Muiris-Mac Conghail, "ag rá gur mhaith leo féin níos mó airgid a íoc ar an gceadúnas." Dá mba mhaith, d'fhéadfaí teilifís Ghaeltacht a bhunú ar maidin. Tá an t-airgead sa nGhaeltacht anois. Ach ní hann don toil.

Ó ba ag caint ar airgeadé, agus easpa airgid, rinne Cathal Goan comparáid idir TG4 agus S4C. Seachtó dó milliún punt sterling an bunmhéid a faomhadh do S4C i 1997, mar shampla. Cuir an t-airgead fógraíochta lena chois seo, agus is beag nach £100 milliún buiséad bliana na mBreatnach. Ar thaobh na hÉireann, ainneoin breis fógraíochta de bharr foráis ar an lucht féachana, ní mó ná £600,000 luach na fógraíochta do TG4, arsa Cathal Goan. Faoi bhun £15 milliún a bhíonn an buiséad iomlán. Ach ríomh Cathal roinnt

figiúirí a léirigh gur mó Gaeilge ar TG4 ná Breatnais ar S4C. Tá leor leor bainte amach i saol na craoltóireachta Gaeilge le blianta beaga, dar leis féin, agus leis na cainteoirí eile, agus ní ceart beag is fiú a dhéanamh de.

### Clint Eastwood

Labhair Cian Ó hÉigeartaigh (BBC Uladh) agus chuir sé béim ar thábhacht an idirlín don chraoltóireacht raidió. Bhí Pól Ó Muirí ón *Irish Times* i láthair, fear a d'admhaigh nach bhfuil sé oile nó eolach ar an gcráoltóireacht. Maidir leis na scannáin Bhéarla ar TG4, ní hé an Béarla is miste, dar leis, ach an rogha a déantar. Is doiligh leis an ceangal idir an Ghaeltacht agus Clint Eastwood a fheiceáil. "Seafóid" a thug Cathal Goan air sin.

Labhair Seán Ó hÉanaigh (RnaG), duine den lucht éisteachta, agus dúirt gur trua gan urlabhraí ón stáisiún raidió ar an ardán. Bhíothas ar aon fhocal leis. Ainneoin gan urlabhraí ó RnaG i láthair, ní beag a dúradh faoin stáisiún.


"Sílim go bhfuil sé in am i bhfianaise an mhéadú ollmhór atá tagtha ar na hamanna craolta an riai a bhaineann le liricí Béarla a chur i leataobh, arsa Ciarán Ó Finneadha. Níor dhúirt éinne a mhalairt. Caitlín Ní Chualáin, 'duine den phobal', mhol sí RnaG as feabhas na Gaeilge. Crochadh suas seanstóca bréan na droch-Ghaeilge ansin ar feadh leathuaire. Shiúil Cilian Fennell amach. Bhí caint ar thraein Bhaile Átha Cliath. Scor. Óladh an béiléiste go duairc.




Greg Ó Braonáin agus Caitlín Ní Chualáin



Lisa Byrne




Micheál Ó Meallaigh agus John Hughes



Seán Ó hÉanaigh




Ciarán Ó Finneadha



Cilian Fennell agus Donncha Ó hÉallaithe

# Uíbh agus Rath ar Uíbh Ráthach



Irish is no longer commonly spoken on the shores of the Uíbh Ráthach peninsula in Kerry, although the area lies within the official Gaeltacht. But though the language is dormant, the community is very much alive. Úna Ní Chíosáin reports.

AR CHEANN de na háiteanna is áille in Éirinn tá leithinis Uíbh Ráthaigh i gCiarraí. Ag breathnú ó dheas ó Chorca Dhuibhne nó ó thuaidh ó Bhéara, bíonn imlíne dubhghorm na sléibhte le feiceáil lá breá. Ní nach ionadh go dtugann tuairim is 1.8 milliún turasóirí cuairt ar an dúthaigh seo chuile bhliain ar Dhoire Fhionáin, Chathair Domhnaill agus Chathair Saidhbhín.

Gaeltacht láidir a bhí anseo tráth. In 1851 bhí líon na gcainteoirí dúchais os cionn 80%. Ach ní mar sin atá an áit inniu. I ndaonáireamh 1996 léiríodh go labhraíonn faoi bhun 20% de na daoine fásta Gaeilge i nGaeltacht Uíbh Ráthaigh ar bhonn laethúil.

Tá cur síos suimiúil ag Brighid Ní Mhóráin ar an athrú seo sa leabhar *Thiar sa Mhainistir atá an Ghaolainn bhreá - Meath na Gaeilge in Uíbh Ráthach*. Sa leabhar, a foilsíodh i 1997, déanann an t-údar mionscrúdú ar an dtimpeallacht shóisialta, eacnamaíoch agus chultúrtha inar tharla an t-athrú teanga.

Deir sí: "Maidir leis an dteanga Ghaeilge, is ar éigean a mhaireann sí ach amháin sa réimse siombalach agus i measc na seanchainteoirí dúchais. Ní hí gnáththeanga chumarsáide an phobail níos mó í agus cé nach gá go bhfaigheadh sí

bás (taobh amuigh de na scoileanna), tá gach cuma ar an scéal gur mar sin a tharlóidh."


Chuaigh mé ar cuairt go Gaeltacht Uíbh Ráthaigh i dtús mhí Dheireadh Fómhair agus cinnte ní hí an Ghaeilge atá mar theanga pobail ansin a thuilleadh. Ach tá comharthaí ann go bhfuil borradh nua faoin áit agus go bhfuil an-obair ar siúl ag na coistí forbartha áitiúla.

Mí Mhárta seo caite d'fhostaigh Comharchumann Naomh Fhionáin (comharchumann talamhaíochta atá sa cheantar le fada an lá) áisitheoir pobail lánaimseartha a thabharfaidh tacaíocht do na grúpaí áitiúla ar fad. Tá sé i gceist go gcuirfead béim ar chúrsaí cultúrtha chomh maith le forbairt eacnamaíoch.

Mar shampla, le cabhair ó Údarás na Gaeltachta, tá Comhchoiste Ghaeltachtaí Chiarraí Theas ag cur sraith seimineár ar fáil do mhuintir an cheantair, ag díriú isteach ar chúrsaí tuaithe agus forbairt tuaithe. Bhí an chéad sheimineár i gCathair Domhnaill ar an 10 Deireadh Fómhair.

## Dromod ag fás

CÚPLA MÍLE lasmuigh den gCoireán, ar an mbóthar go Cathair Saidhbhín, cas ar dheis, lean abhainn na hAoine suas i dtreo na sléibhte





agus tar éis sé nó seacht míle tiocfaidh tú ar bhaile beag na Dromoda.

Trí bliana ó shin bhí teach tábhairne ann, séipéal, scoil náisiúnta agus páirc peile. Inniu tá méadú mór ag teacht ar an áit. Tá Coiste Forbartha na Dromoda mar chomhlacht príobháideach pobail ag tógáil trí aonad fiontraíochta (ceann amháin acu le 21 ríomhaire atá á n-úsáid cheana féin do chúrsaí traenála), chomh maith le halla pobail agus brú bhreá atá gar go maith do Shlí Uíbh Ráthaigh.

Tá an pobal ar fad aontaithe sa togra seo. Cé go bhfuair eadar tacaíocht airgid ó Fás, Údarás na Gaeltachta, an Roinn Ealaíon, Oidhreacht, Gaeltachta agus Oileán, agus Meitheal Forbartha na Gaeltachta, bailíodh airgead go háitiúil freisin trí shíntiúisí ó chomhlachtaí agus ó theaghlaigh, agus trí imeachtaí sóisialta, *lotos* agus a leithéid a chur ar bun. Dar le Brian Ó Riordáin, ball den gcoiste forbartha, is togra ar leith é seo toisc gur leis an bpobal, seachas le húdarás seacht-

rach, a bhfuil á thógáil agus go mbeidh an pobal lánfhreagrach as amach anseo.

### Bus na Scoile

NÍOR THOSAIGH ach triúr páistí i scoil náisiúnta an Ghleanna i mbliana agus tá tuismitheoirí na háite, daoine ar nós Mhíchil agus Bhríd Uí Bhraonáin, buartha go ndúnfar an scoil amach anseo agus go mbeidh ar na páistí dul ar bhus go scoileanna eile níos faide ó bhaile.

Bailíonn bus scoile an bheirt is aosta gach maidin chun iad a thabhairt, in éineacht le déagóirí eile na háite, go dtí an mheánscoil nua i gCathair Saidhbhín.

Ceantar iascaireachta agus feirmeoireachta is ea an Gleann go traidisiúnta ach ní féidir leis na feirmeoirí beaga slí bheatha a bhaint amach ag obair ar an dtalamh amháin agus dá bhrí sin feirmeoirí páirtaimseartha is ea an chuid is mó acu anois.

Bunaíodh Coiste Forbartha an Ghleanna i 1988 agus tá siad tar éis tithe a thógáil do sheanóirí faoin



Scéim Tithíochta Deonach chomh maith le hionad lae, áis anathábachtach don phobal beag seo. Cuirtear béilí ar fáil do sheanóirí na háite, bíonn gruaigeadóir agus dochtúr na gcos ann go rialta chomh maith leis an oifigeach leasa shóisialaigh.

Tá naíolann ann ina bhfuil triúr ban fostaithe ar scéim Fás. Úsáidtear an t-ionad freisin le haghaidh ranganna rince, oícheanta cártaí, léachtaí, Éigse na Brídeoige agus aon imeachtaí sóisialta eile a bhíonn ar bun. Bhí sochraid ann le gairid le chéile san ionad. Níl aon teach tábhairne sa Ghleann agus is dócha go gcuireann sé sin níos mó béime ar an ionad mar lárionad sóisialta pobail.



Is briathar do Sheirbhís Oideachais Chiarraí maraon leis na hinstiúidí eile nósanna foghlama a chur chun cinn i measc mhuintir Chiarraí ar fad ionas ggo mbeidh gach áis agus deis ann dóibh an saol pearsanta sóisialta, cultúrtha agus eacnamúil a chur i gcríoch mar is gá.

## SEIRBHÍS OIDEACHAIS CHIARRAÍ


Coiste Gairmoideachais Chontae Chiarraí

Trá Lí

Co. Chiarraí

Teil: 066 7121488 / 7121248

Faics: 066 7121531



### Sruth sa mheánscoil

IS É Coláiste na Sceilge i gCathair Saidhbhín an t-aon mheánscoil atá ag freastal ar dhéagóirí Ghaeltacht Uíbh Ráthaigh agus ní raibh aon soláthar oideachais lánGhaeilge ar fáil inti le fada an lá.

Ach tuairim is bliain go leith ó shin, chuir tuismitheoirí agus múinteoirí tús lena bhfeachtas agus í mí Mheán Fómhair na bliana seo thosaigh dáréag dalta san aonad nua

lánGhaeilge.

750 dalta ar fad atá ag freastal ar Choláiste na Sceilge, mar sin is céatadán íseal atá ag fáil meán-oideachas trí Ghaeilge inti. Ach mar a d'inis Mícheál Ó Laighin, an múinteoir atá i bhfeighil ar an aonad nua dom, thosaigh Gaelcholáiste Thrá Lí mar aonad beag laistigh de cheardscoil i rith na n-ochtóidí agus scoil neamhspleách a bhí ann faoi 1989.

Bealach praiticiúil is ea é seo chun oideachas trí Ghaeilge a chur ar fáil nuair a bhíonn na huimhreacha íseal. Ní hé nach mbíonn suim ag daoine sa togra ach go mbíonn buairt agus amhras ar thuismitheoirí, a deir Ó Laighin.

Chuir Seirbhísí Oideachais Chiarraí cúrsa inseirbhíse ar fáil don dáréag múinteoir a bheas ag múineadh san aonad. Ag deireadh mhí Lúnasa chaitheadar coicís i mBaile an Fheirtéaraigh ag freastal ar ranganna a d'agraigh Oidhreacht Chorca Dhuibhne. D'fhreastail na daltaí ar chúrsa Gaeilge i gColáiste Mhíchíl i mBaile na Sceilge.

### Faoi bhláth arís?

CEANTAR is ea Uíbh Ráthach ina bhfuil na coistí forbartha an-ghníomhach agus ina bhfuil an-fhuinneamh le braith san áit. As an obair chun leasa eacnamúil agus sóisialta atá á dhéanamh acu, cá bhfios ná go dtiocfaidh athbhláthú ar an dteanga agus ar an gcultúr agus go geneasóidh sé sin an bhris chultúrtha a tharla ann de bharr an bhochtanais agus an imirce.

## COMHAIRLE CHONTAE CHIARRAÍ

Áras an Chontae  
Trá Lí  
Co. Chiarraí

*Ag cur an  
dátheangachais chun cinn  
i Seirbhísí Rialtais Áitiúil*

Guthán: 066-7121111  
Faics: 066-7122466



## The post-Gaeltacht peninsula

Uinsíonn Mac Dubhghaill

THE SCENIC and tranquil Uíbh Ráthach peninsula in Kerry is no longer a Gaeltacht, although the area still lies within the official Gaeltacht boundaries as they were set out in law in the 1950s.

The 1996 census provided the first substantial evidence for this, as it included for the first time a question about the frequency of use of Irish. According to the census returns, less than 20% of all adults over 19 years of age in Uíbh Ráthach said they speak the language on a daily basis (*see Cuisle, Feabhra 1999*).

The district electoral area with the highest number of daily adult speakers was Baile na Sceilge, at 22.7%. Areas such as Tír an Iarthach, Doire Fhionáin, an tImleach, Baile Bhríic and An Gleann Iarthach fell within a narrow range from just under 9% to 12%.

Three DEAs on the peninsula returned levels below 5%. These were Cathair Domhnaíll, Mainistir Gaoithe and Loch an Choireáin.

In recent years various community development initiatives have fostered a new sense of confidence in an area which witnessed the ravages of emigration and poverty in previous decades. But fears about the viability of small rural schools persist, and more work is needed to secure the community's future.

Local teenagers are bussed to secondary school in Caherciveen, where a new Irish-language stream caters for 12 pupils (out of a total enrollment of 750). It remains to be seen if the peninsula's new-found confidence translates into a desire to seek out the linguistic roots Uíbh Ráthach has only recently cast aside.



## Comhar na gComharsan

**Tá Caitlín Breathnach ceaptha ina háisitheoir pobail i nGaeltacht Uíbh Ráthaigh. Labhair Úna Ní Chiosáin léi.**

**Una Ní Chiosáin:** A Chaitlín, inis dom cén saghas poist é seo.

**Caitlín Breathnach:** Thosaigh mé ag obair ansó mí Mhárta seo ráite. Tá mé fostaithe ag Comhairleumhantú Naomh Fhionnán ansó le tacaíocht ó Udarás na Gaeltachta. An obair atá a dhéanamh againe ná cabhair a thabhairt dos na ceantachtaí Gaeltachta chun na pleananna arís acu a dhéanadh. Tá ceithre nó cúig cheantar Gaeltachta ansó in Uíbh Ráthaigh — an Dromod, Baile na Sceitge, an Ghleann agus i bparóiste Chill Ghrochana, ta an Ghleann Mhór, Tóchar agus Cillíní. Dóimhneáil chomh maith.

**UNC:** Cén chaibhir atá i gceist?

**CB:** Cabhair leis na gceantar agus an teanga, chomh maith le forbairt pobail go ginearálta. Tá daoine ag iarraidh postanna a dhéanamh nó gairm a dhéanamh agus tánaise ansó chomh maith a chur ar fáil dóibh.

**UNC:** An as Uíbh Ráthaigh duit féin?

**CB:** Sea, is ón Dromod mé. Nuair a bhí mé i mo mhac leim i gCorcaigh, d'oirigh mé gach samhradh mar threoraí i bPáirc Náisiúnta Dhóire Fhionnán agus ansin, chuaigh mé ag obair le Comhairle Chontae Chiarraí agus bhí mé ansin ar feadh ceithre bliana go leith.

**UNC:** Cén saghas tionscnaimh atá ar bun agat ó thosaigh tú?

**CB:** Tasmuigh sa Ghleann Mhór, tá rútsaem agus ionad oirdheachta atá siar go maith ón bpríomhbhóthar, timpeall 6 nó 7 míle ón gCoireán agus is eol de sac atá ansin gan mórán daoine ag dul thar bráid. Theastaigh uathu roinnt margadóirí a dhéanamh ar an áir agus d'oiriomar le chéile ar bhliog cheas phroifisiúnta a chur i gcló agus postaire dhomh maith. Teann Sí Uíbh Ráthaigh thar an miasaem. Seo tad na daoine a theastalom ón miasaem a mbealladh.

Thiar sa Ghleann tá siad tar éis tithe a thógáil faoi Sceirt Inbhíochta Dromod, agus tá daoine ag mántacháil iontu ansin, ach tá pleananna acu chun b'fheidir breo agus halla pobail a thógáil chomh maith agus beinnid ag obair ar an amach ansó.

An díreann sa Dromod, tá apaid fiontraíochta acu chomh maith le halla pobail agus breo. Teastalom naibh siad roinnt margadóirí a dhéanamh chomh maith.

**UNC:** Cé gur Gaeltacht oifigiúil í seo, nach é an Béarla teanga an phobail?

**CB:** An trídóid atá ann ná i rith na seachtóidí agus na naochóidí, agus arís sna caogaíod, d'irigh ana chuid daoine as an áir go Sasana agus Meiricea. Thairg siad thar nais ansin le poist óga nach raibh Gaeltach ann.

Chomh maith leis sin tá daoine tar éis bogadh isteach mar shampla ón Isiltír, ón Ghearmáin, agus tá ana chuid tithe samhradh timpeall agus a hár riarachta ann arís. Mar sin tá arbhéim ar an mBearla míse na daoine sin ar fad ag teacht isteach. Ach tá Gaeltic ag foirmhór de dhaoine na hár.

**UNC:** Ceard faoi na daoine óga? An bhfuil siad fós ag lagad na hár?

**CB:** Einnel i ndáiríre tá daoine ag teacht thar n ais. Cannte onair a tháigann daoine ar mhéaseall, imoim siad go dtí na colair. Ansin b'fheidir go n-oiriomar siad ar feadh ceantú i gCorcaigh nó i nBaile Átha Cliath ach ansin tá séit nos ann ansin, nó bhfuil siad ag teacht thar n ais.



## Féile Scannán Chorcaí '99

Taispeánadh dhá ghearrscannán nua ag Féile Scannán Chorcaí mí Dheireadh Fómhair. Seo i an chéad uair don bheirt údar seo, Dearbhala Walsh agus Marina Ní Dhubháin, scannáin a scríobh.

Gearrscannán ar ghra i measc na síorc is ea *Dillusc*, é suite ar bhád oilthíreachta amach ó chósta na hÉireann. Stiúrtha ag Dearbhala Walsh agus scríofa ag Marina Ní Dhubháin.

Scrúdaíonn an dráma seo an mian láidir atá sa duine a bheith ina 'ghnáthduine'.

Is thriller é *Deích gCoiscéim* a thugann aghaidh ar shean-théamaí — dúnmharú, díoltas agus tóralocht na córa. Scríofa agus stiúrtha ag Pearse Lehane. Bíonn Rosco, an dúnmharfóir agus Porfiry, an bleachtair ag sárú a chéile le disteacht. 'Rud amháin duine a mharú — rud eile na cosa a thabhairt leat'.

Ag an gcéad taispeántas i gCorcaigh, labhair Anne McCabe, eagarthóir coimisiúnaithe le TG4 ar an mbéim a teagann TG4 ar scríbhneoirí agus foirne léirithe drámaíochta nua a fhorbairt. 'Vótáil 800 duine ar son *Lipservice* ag an bhféile seo anuraidh, dráma nua eile a bhí léirithe do TG4 agus Bord Scannán na hÉireann faoin scéim seo. Seo fianaise go dtéann drámaíocht láidir thar cúrsaí teangan i gcónaí,' a dúirt sí. Arsa Rod Stoneman, Príomhfhéidhmeannach Bhord Scannán na hÉireann:

'Dearbhalonn an dá scannán seo an tallann atá ann chun drámaíocht den chaighdeán is airde a dhéanamh trí mheán na Gaeilge. Scripteanna an tríú bliain den scéim, tá siad á meas faoi láthair, agus tá siad ar an ardchaighdeán céanna le blianta eile.'

Taispeánfar an dá scannán ag féilte scannán agus i bpictiúrlanna agus craolfar ar TG4 i mí Eanáir iad. Beidh siad le feiceáil ag an 21ú Féile Cheitliceach Scannán agus Teilifíse a bheas ar siúl sa Bhreatain Bheag i mí Aibreáin.

# TG4 Soineá



Garraí Úr le Clíodhna agus Stiofán

## HIÚDAÍ TNT

Dé Domhnaigh 9.25am

Comhlacht Léiriúcháin: Adare Productions

Rud dosmachtaithe é HIÚDAÍ: fágtagar faoi an seó beo ag an deireadh seachtaine. Bíonn lucht féachana sa stiúideo, chomh maith le aíonna cáiliúla, ceangal beo le tuairisceoir siúlach an chláir Molly Breathnach ar fud na tíre agus cluichí idirghníomhacha trí ghlaoch ar an nguthán. Beidh an clár ar an WWW an séasúr seo mar ar féidir le rannpháirtithe na cluichí idirghníomhacha a imirt ar an idirlíon

## Garraí Úr

Dé Máirt 9.00pm

Léiriú le Agtel

Athchóiriú ar ghairdín ar an airgead a bheadh ag an ngnáthdhuine. Ní thugtar do Stephen Nutty agus Clíodhna Ní Cinnéide ach lá leis an gcóiriú a dhéanamh. Bíonn orthu an cloigeann a oibriú chomh maith leis na

lámha leis an obair a chur i gcrích in am.

Ar an 2ú Samhan beidh Stephen agus Clíona i nGaillimh. Tá cuma fhiáin ar gharraí Sarah agus Robin Jones, Radharc na Mara, Gaillimh. Cén chaoi gur féidir le Brian Whyte é a athnuachan?

I Maigh Nuad a bheidh siad ar an 9 Samhan i nGarraí Dheirdre agus Tom Dempsey atá á chóiriú ag Orchard Garden Centre agus Redlough Landscapes.


Is ar gharraí Shíobháin Uí Chríodáin i mBaile Bhúirne a thabharfaidh muid cuairt ar an 16ú Samhan. Le cúnamh uaidh Griffin's Garden Centre agus Birch Hill.

## Cúla4 Réamhscoile

Laethanta na seachtaine 12-1pm

Craolfar cláir den scoth a céadléiríodh in Éirinn nó a ceannaíodh thar sáile agus ar cuireadh glórtha Gaeilge leo le linn Cúla4: *Teletubbies* agus *Elmo Anseo*. Tá *Elmo Anseo* bunaithe ar *Elmo Sesame*

# nn go Samhain ar TG4




*Ceol Cois Locha le Steve Cooney*

Street agus é ag foghlaim rud éigin nua gach lá. Beidh leaganacha Éireannacha de shraitheanna beochain ón iasacht ar Cúla4 freisin.

Beidh Dinín an dionosár spraiúil as Gleann na Leabhar in éineacht lena chairde ar Cúla4 ag léamh scéalta agus ag spraoi. Clár

eile atá curtha le chéile go speisialta do ghasúr ná Mire Mara.



*Elmo é féin*


## Chiapas

**Dé Satharn 6ú Samhain  
11.15pm**

Leiriú le Vinegar Hill Productions

"Ní raibh cumhaidh orm ag fágáil an tsaoil seo i mo dhiaidh ach brathaim rud beag ciontach ag tréigean cairde a raibh an bealach rompu chomh neamhshocair sin".

Is mar sin a labhair Éamonn Ó Dochartaigh ag fágáil Chiapas dó, ceantar reibiliúnach Mheicsiceo tar éis tréimhse a chaitheamh ann lena bhean agus a chlann.



Tugann an clár léargas tré shúile na clainne ar bhochtanas agus faillí an rialtais ar cheantar Chiapas agus ar an seasamh atá á thógáil ag na Zapatistas ina choinne. Fuair an clár seo duais cré-umha sa rannóg Eolas, Cultúr agus Stair i gcomórtas Worldfest '99 i Texas.

## Gleann Ceo

**Ag tosnú ar an Máirt 16  
Samhain ag 9.30pm.**

Leiriú le Cúl a Tigh

Séasúr eile de chlár a chuireann le cáil TG4 faoi shraitheanna nua grinn Éireannacha a chraoladh. Tá na scéalta dírithe ar an chrá croí atá ina chuid de shaol sháirsint Gardaí i mbaile beag i dTír Chonaill ar mó go mór an luí atá aige le cúrsaí gnó agus airgid ná lena dhualgaisí oifigiúla.


Sa tsraith deiridh tháinig Garda nua go Gleann Ceo agus anois níl Ó Dómhnaill sásta léi agus tá sé ag iarraidh smaoineamh ar phlean éigin a gheobhaidh réidh léi. Tá sé i gceist ag an sáirsint gnó eile a bhunadh agus tá Paidí sásta cúnamh a thabhairt dó i mbun seirbhís glanta simléirí atá ar intinn acu, rud a deir siadsan atá ag teastáil go géar.



*An Fhuinneog*, a monthly window of opportunity for the learner, the improver and the native speaker who would like to read more in Irish, offers glossaries in English, excerpts from the best of Irish books, helpful tips and more.

*Oscail An Fhuinneog* agus féach isteach.

## Báthadh Inse Gé

 A drowning tragedy in 1927 sounded the death knell of a remote island community off the Mayo coast. Inse Gé was finally abandoned in 1935, and the rocks which had been home to almost three hundred people short years before were bequeathed to the seals and the gulls. **Anton Mac Cába** tells the tale of the storm.



1 AN 28ú DEIREADH FÓMHAIR 1927 báthadh seisear iascaire déag as an gCloigeann i gConamara; naonar as Inis Bó Finne; deichniúr ó Inse Gé amach ó Iorras, agus naonar ó Rath Leacan i dTuaisceart Mhuigh Eo.

Agus na báid ag imeacht an tráthnóna sin, bhí an fharraige ina calm. Bhí sagart paróiste an Leacáin ag éisteacht le tuar na haimsire ar an raidió ag leath i ndiaidh a sé, nuair a tugadh rabhadh stoirm. Ach bhí na hocht mbád ar shiúl. Ba chuma le bunadh Inis Bó Finne Inse Gé cad é bhí ar an raidió: ní raibh raidió ná teileafón ar bith ar na hoileáin.

Gach a rinne Pat Concannon ó Inis Bó Finne an oíche sin, bhí sé mar a bheadh scannán eachtraíochta ann. B'fhear óg é, cúigear foime aige. Chaith sé naoi n-uaire ag troid leis an stoirm, na heangacha ina n-ancairí aige, an fheoil bainte dá lámha, radharc na súl bainte de ag an sáile, go dtí gur tháinig maolú ar an ngaoth agus gur tháinig siad slán i dtír.

2 Éacht dá réir a rinne Seán agus Antaine ó Muineacháin ó Inis Gé Theas. Nuair a bhuail an stoirm iad ag leath i ndiaidh a seacht,

rinne siad ar an oileán. Chonaic siad soilse na dtithe: bhí siad fá thríocha slat den talamh. Ach scuabhadh ar ais chun na farraige iad. Is iad na heangacha na hancairí a bhí acu, na maidí rámhanna an stiúir.

Briseadh an churach ar chladach Iorrais, gortaíodh Antaine sa chloigeann. Tharraing Seán slán é. Ag deich chun a naoi, isteach leis an mbeirt i dteach tábhairne, Antaine dá iompar ag Seán, an bheirt beagnach gan aithne, gan urlabhra.

Bhí Pádraig ó Féinneadha, iascaire, seachtó 's a sé bliain d'aois, ar thrá an Chloiginn, ag cuartú chorp a mhic, nuair a chonaic sé lámh ag gobadh aníos as an fharraige. Isteach leis, ach ní raibh sé de neart ann an corp a tharraingt amach. Chuidigh daoine eile leis: níorbh é a mhac a bhí ann, ach Tomás Delap.

Chuir an báthadh uafás ar an tír agus ar dhaoine níos faide ar shiúl. Bailíodh £340,000: rí Shasana féin, thug sé £3100. An bochtanas ba chiontach leis an tragóid chomh maith leis an stoirm: ní raibh de rogha ag teaghlach bocht cois cladaigh san iarthar ach iascaireacht nó ocras. Bhíodh an gorta ag bagairt ar na daoine: ní raibh sé ach ceithre bhliana ó fuair daoine bás leis an ocras i

## SCIORRADH PINN



Each month, *Cuisle* brings you a moment from the best of Irish writing, with a generous glossary. If you're just discovering the world of Irish literature, we hope our choice will encourage you to continue your journey.

### DÚIL

Liam Ó Flaithearta

*Sáirséal & Dill*

gCorcaigh agus i nDún na nGall. Bhí os cionn £34 ar eangacha agus trealamh: níos mó ná mar an teacht isteach a bhí ag teaghlach chuile seachtain. Báthadh go leor mar gur fhan siad leis na heangacha a shábháil.

3 Gabhaltaisí beaga a bhí acu, ceithre nó cúig acra agus níos lú, gan ach beagán de ina thalamh curaíochta. Má bhí na tiarnaí talún ar shiúl, b'éigean i gcónaí idir £31 agus £37 a dhíol chuile bhliain le rialtas na Breataine.

Bhíodh cónaí go minic ar theaghlach san aon seomra amháin, na beithí ann freisin, gan de leaba ach tuí ar an urlár, áit a luíodh an líon tí.

Chuir an báthadh deireadh le pobal a mhair 3,000 bliain ar na hInse Gé. Míle bliain roimh aimsir Chríost, bhí tóir ar dhath na seilidí mara a bhí in Inse Gé in oirthear na Meánmhara.

I 1927, 144 a bhí ar an Oileán Thuaidh, 139 ar an Oileán Theas. Ní raibh céibh ar bith ar an oileán thuaidh, an chéibh a bhí ar an oileán theas, bhí droch-bhail uirthi. Bhí trí thrálaer ag na hoileánaigh - ach b'éigean iad a choinneáil ar tír mhór. Briseadh sprid na ndaoine agus i 1934-5, d'aistrigh an pobal ar fad isteach go tír mór.

Bhí Saorstát Éireann cúig bliana ar an saol i 1927. Ba lú aird a thug an Saorstát ar mhuintir bhocht an iarthair ná mar ar thug rialtas na Breataine. Scríobh Patrick Tierney ó Inis Bó Finne amhrán, mar a bhfuil an rann:

"If they got employment from those who ruled them  
That's up in Dublin, they're called the Dáil.  
They would be at home with those that loved them  
And wouldn't be drowned by a sudden squall".

1 **báthadh** - were drowned; **selsear déag** - sixteen; **ina calm** - still, calm; **tuar na haimsire** - faisnéis/scéal na haimsire; **rabhadh** - fógra, tuar, warning; **bunadh** - muintir; **scannán eachtraíochta** - an action film; **cúigear foirne** - a five man crew; **eangacha** - nets; **ancairí** - anchors; **an fheoil** - the flesh; **sáile** - salt (water); **maolú** - lagú, abated.

2 **éacht** - gaisce, gníomh mór; **maidí rámha** - oars; **stiúir** - rudder; **gan aithne gan urlabhra** - unconscious; **chuidigh** - chabhraigh; **uafás** - shock; **ba chiontach** - ba chúis;

3 **gabhaltas** - holding; **talamh curaíochta** - arable land; **a dhíol** - a lot; **seilidí mara** - sea-snails; **oirthear na Meánmhara** - the eastern Mediterranean; **droch-bhail** - droch-chaoi.

D'FHAN an seabhac nó go raibh an fhuisseog chomh fada suas agus ab fhéidir léi gabháil. Thog sé marc uirthi ansin agus scaoil sé a neart. Tháinig sé anuas ina mullach ó na néallta mar bheadh lasair thintrí. Bhris an ceol ina scornach nuair a chonaic sí an seabhac ag déanamh uirthi. Lig sí scread agus léim sí i leataobh. Ní baileach go raibh sí sách sciobtha le iomlán an ruathair mharfa a sheachaint. Is beag nár baineadh an t-anam aisti le gach ar theangaigh léi den bhuille. Chrap sí a sciatháin agus scaoil sí síos í féin i ndiaidh a cinn, ag iarraidh talamh a bhaint amach sula mbuailfeadh a namhaid an dara buille. D'fhág sí slám clúmhaigh a stróiceadh as a heireaball ag snámhán ar an aer ina diaidh.

Nuair a chonaic an seabhac gur chinn air an marú a dhéanamh den chéad iarraidh sin, d'oscail sé a sciatháin agus leag sé iad in aghaidh na gaoithe lena ruathar a chosc. Ansin do chuir sé timpeall arís os cionn na creiche, thóg sé marc go deifreach agus scaoil sé a neart. An babhta seo ní raibh an fhuisseog i ndon aon cheo a dhéanamh leis an mbuille a sheachaint. Criogadh í, ar nóiméad díreach a buailte. Síos léi bun os cionn, a cuid sciathán ag seachrán agus a ceann casta timpeall ar a scornach fhada, as ar tháinig ceol álainn tamaillín beag roimhe sin.

Lean an seabhac titim na fuiseoige, ag gabháil timpeall agus timpeall ar bhord gearr, luite isteach go dlúth leis an greach; nó gur bhuail siad talamh araon ar thrá bheag ghainimheach le taobh abhann. Ansin do chuir an t-éan troda cos go gaisciúil ar bhrollach na fuiseoige mairbhe. D'fhan sé seasta mar sin ar feadh tamaill, a shúile beagnach dúnta, a theanga gháirsiúil ag sliobarnaigh lena ghob agus a chroí ag bualadh go tréan faoi na barraí dubha ar a chliabh. Nuair a bhí a scáth ligthe aige, rug sé greim crúibe ar an gcorp agus chroch sé leis é suas san aer. As go brách leis ansin go dtí a nead, ina raibh a chéile suite ar gor.

**Maidín lá thar na mhárach**

- the next morning

**Seabhac** - hawk;

**fuiseog** - lark

**néallta** - scabbly strands;

**hóirí hárnaí** -

the merrymen;

**scornach fhada** - the tail

attack.

**Chrap sí a sciatháin** - she

folded her wings;

**chrap air** - thrap air, he

lulled.

**Criogadh í** - she was


brained;

**ar gor** - morning

Comhghairdeas le hÁine Uí Iarnáin,  
Eoghanacht, Inis Mór, Co. na Gaillimhe.

Tá cóip den Spailpín Fánach buaite aici.  
Johnny Joe Pheaitsín an t-ainm áitiúil a bhí ar  
Sheán 'ac Dhonncha

Comórtas na Míosa seo: Féach An Béal Beo



# CUISLE

Subscribe to Cuisle • Bí i do Shíntiúsóir

Ainm / name .....

Sloinne / surname .....

Seoladh / address .....

Teil / tel .....

Ríomhphost / email .....

Síniú / signature .....

Dáta / date .....

RÁTAÍ (postas san áireamh): Éire agus an Bhreatain £25  
Mór-Roinn na hEorpa 40 euro\* An chuid eile den domhan US \$80\*

\*nó a chomhionann in airgead na tíre


1. Tháinig a chuid beag na gCúigí - case ar an t-irise. An bhfuil sé  
Beann, iata fógraí do "thithe suaithe" a bhí ann a bhíonn le  
cuireadh iús le díospóireacht tréad faoi gCúigíreach  
Gáireadh na cúlúil go gear sna nuachtáin, bíradh go raibh  
áire ann eile. Ina ceap mealladh ar an stádas idirnáisiúnta.

2. Ach ansin cuireadh casadh beag ar an scéal nuair a tharhas  
amach go raibh foilsitheoir na hÍrise ag déanamh airgid mhór  
as na fógraí céanna. go raibh daoine áirithe ag dul chuig oifig  
na hÍrise chun a gcuid billí a íoc "faoin gcontar" taobh amuigh  
de ghrádhuaireanta oifige, agus go raibh ceangal díreach idir  
Dúlaigh agus tionscal suarach an ghráis san arachathair.

3. Tá rá agus ruaille buaille de chineál áirithe eile a lean an  
leobas nua sin. Dúradh nach raibh san thear, ar deireadh, ach  
ping gránna, brabach á bhaint airge as anó na stríapach a  
oibríonn sna títhe sin. Máiríodh é os comhair an tsaoil, agus  
d'éirigh eagarthóir na hÍrise *Magill* as a post (le leis an duine  
cearta an dá iris).

4. Máiríodh an chonspóid cuid de na baircheisicéanna fealsúna  
leath gairneiracht. Ar chóir teora a chur le saoirse cáilne? An  
dúlaigha gearr do dhúlaigh an focal "time" a bhí de scread in  
an t-áitiriar phrudaille, nuair ata ar baircheisicéanna go gbrabhadh  
daoine na focal chóis agus an slua ag dtír amach? Cúigí tair

# Mac@nas.SMM

 Seosamh Mac Muirí continues his investigation of Irish surnames and tells us about Ó Nuadhan and Mac Thuathaláin, and the links between the Naughtons, the McCrackens of Scotland, and the sea-god Neptune.

FOIRCEANN díspeagtha a thugaimid ar an deireadh *-áin* a ghabhann le sloinne go minic. tChítear a mhacfhoirceann Béarla *-ane* go minic, Mullane, Dullane, Lehane, Dwane, Dirrane, Dillane, i ndeisceart na tíre go háirithe. Is minice an foirceann seo ina *-an* sa mBéarla, m. sh. O'Sullivan, Morahan, srl. Is foirceann an-choiteann é:

- Ó Fionnmhacáin,
- Ó Scannláin,
- Ó Síocháin,
- Mac Cochláin,
- Mac Comáin (Loch gCarman),
- Mac Guilleanáin (> Hollywood),
- ach, Ó Cuileanáin (> Quillenane/Cullen),
- Mac Thuathaláin (> 'ac Fuathaláin > Ó Fuathaláin > O'Folane;



# CNÁMH SPAIRNE

Teachers and learners will find CNÁMH SPAIRNE a likely corner to spark off some lively classroom debate. This month Uinsíonn Mac Dubhghaill ponders the pros and cons of censorship.

## Ar chóir teora a chur le saoirse cainte?

rámhaillí Hitler ar chóir *Mein Kampf* a dhó, faoi mar a rinne an SS le leabhair nár thairtín leo féin?

5 Tá dlúth nua ag teacht chun cinn a chuireann cosc ar an bhfuath ciníoch agus ar dhíspeagadh na mionlach. Déartadh go leor daoine gur málh ann iad, ach an féidir dul rófhada leis an gceartchreideamh polaitiúil? Sna Stáit Aontaithe, tir atá go mór faoi anáil na gcinsirí liobrálacha, tá an Béarla á chur as a riocht ar fad acu. An dream *intellectually challenged* iad nó an amhlaidh go bhfuil siad dúr?

6 Ceist eile ar fad ná an chinsireacht ar an idirlíon. Níl ábhar ar bith eile is mó a spreagann caint aineolach, agus déantar dearmad go minic gurb é an t-idirlíon céanna an gléas eclais is réabhlóidí ar domhan. O cuirteadh cló ar an gcéad leathanach clóbhuaite siar sna meánaoiseanna. Bealach amháin nó bealach eile, tá rud amháin cinnte. Le teacht an idirlíon tá ré na gcinsirí thart.

- |                                                                                                                                    |                                                                                                                                                                                            |
|------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------|--------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------|
| 1 Tithe suaite — massage parlours; diospóireacht theasaí — heated debate; cinsireacht — censorship; ceap magaidh — laughing stock. | — fundamental philosophical questions; plódaithe — crowded; rámhailí — ravings.                                                                                                            |
| 2 Foilsitheoir — publisher; gnáthuaireanta oifige — normal office hours; tionscal — industry.                                      | 5 Fuath ciníoch — racial hatred; díspeagadh — contempt; mionlach — minority; ceartchreideamh polaitiúil — political correctness; faoi anáil — under the influence of; d'r — thick, stupid. |
| 3 Brabach — profit; anró — misery; striapach — prostitute; náiríodh é — he was shamed.                                             | 6 Idirlíon — internet; caint aineolach — ignorant talk; gléas — tool, instrument; clóbhuaite — printed.                                                                                    |
| 4 Buncheisteanna fealsúnta                                                                                                         |                                                                                                                                                                                            |

agus > 'ac Fuathaláin > 'ac Fhuathaláin  
 Ó Nuadhan > Noone  
 Ó hAnainn > Hannon  
 Mac Canann > Mc Connon  
 Ó Neachtain > Naughton (& > Norton Ros Comáin).

### Ó Nuadhan

IS é an fhoirm sin a tugadh síos do chuid acu ar a laghad, ua nuadhan (Is. RIA 23 N 6, 84), agus cuimhnímis gur Ad Disirt Nuadan a tugadh ar Áth Dísirt Nuadhan / Estersnow le taobh Mhainistir na Búille, Co Ros Comáin faoin mbliain 1330.3 in Annála Connacht. (Freeman, A. M., 1983, 268.)

### Ó hAnainn

IS í foirm seo an *nn* dúbailte a thug tuairisc ar bhall den chléir a bhásaigh breis is sé chéad bliain ó shin. In scart mor h. Anainn do ecc i Cill Moir. (do. 58.)

Is í an fhoirm sin arís a tugadh mar thuairisc orthu leis na céadta anuas. Mael Iso h. hAnainn prioir Rosa Coman agus Atha Liacc quieuit in Christo. (do. 146, 1266.9 A.D.)

Cornelii Ohanaynd, ball eile den chléir a bhásaigh faoin mbliain 1428 A. D. ag Rinn Dúinn, Loch Rí.

### Ó Neachtain

I Maonmhaigh, cuid de Uíbh Mhaine, a bhíodh muintir

Uí Neachtain.

Ríogha Maonmhuighe an mál,  
 dána dúthaigh an donnchlár,  
 dias do theachtuidh an taobh thoir,  
 Ó Neachtuin, Ó Maol Alaidh;  
 a ngleó go trom isna tachraibh,  
 as leo an fonn go Fiachrachaibh.

(Carney, J., 1943, 30.)

Bhí dream in Albain a raibh foirm mórán mar a chéile leo, ach amháin a gcéadmhír, Mac Neachdain. Mac Neachdain na hAlban, an mhuintir a raibh 'Fraoch Eilein' mar rosc catha acu, is iad a thug McCracken an Bhéarla dúinn.

Is dóigh gurb ionann an ceann deiridh seo, Neachtu/Neachtain, agus dia na farraige Neptune, ar bun sanais. Is é Manannán Mac Lir dia na farraige i dtraidisiún na nGael, ach sa miotaseolaíocht, tá tobar ag an dia Neachtain thart faoin mBóinn. Sula ngabhfad i mbun uisce faoi thalamh, fágfad scéal an tsáile mar atá sé, mar tá Ó Cíosáin - cíos agus luach saothair - ag titim isteach im' intinn:

tuigeann fear léinn leathfhocal,  
 ní beag nod don eolach.



As you drive through the country, for business or pleasure, Ireland's linguistic heritage and the history of its landscape unfolds before you. In this month's Roadsigns, a regular new column by toponymist Dónall Mac Giolla Easpaig, we travel from Ros Láir in Wexford north to Ros Goill in Donegal. So, what does *ros* mean . . . ?

Travellers on one of the main sea-routes between Ireland and France are offered a reminder of the linguistic ties between the countries in the names of their ports of departure and arrival, **Ros Láir/Roslare** in Wexford and Roscoff in Brittany. *Ros* survives in all the Celtic languages with various shades of meaning: hillock, wood, promontory, headland, and moor or plain in its Welsh form *rhos*.

It is obvious from the geographical location of both Ros Láir and Roscoff that *ros* refers to a promontory in both names. Ros Láir is the name of the narrow sandy point of land that forms the south-eastern arm of Cuan Loch Garman. The port at Roslare from



which the ferries depart was built only on the last century as the terminal for the mailboat from Fishguard, Wales.

Where the element *ros* occurs in

coastal placenames the meaning is invariably promontory. **Ros a' Mhíl** in Cois Fharraige, Co Galway is familiar as a substantial fishing port and place of departure for Árainn, and signifies the promontory of the whale, a whale having no doubt been beached there at one time.

Further west is the promontory of **Ros Muc** a place associated, through Cuise's columns among other sources, with Coláiste na bhFiann, Pádraig Ó Conaire and Pádraig Mac Piarais. The name means promontory of pigs, in this case probably wild pigs. The placename *Ros Muc* is very early in structure, possibly pre-eighth century; if it were later we could expect a name such as \**Ros na Muc*. The idea of pig-promontory is also expressed in the name **Mucros** of which there are a number throughout the country, one near Cill Áirne/Killarney which gives its name to Muckross House, and **Mucros** near Cill Charthaigh in Donegal. **Mucros** belongs to a type which is uncommon in Irish placenames, a compound name made up of two nouns.

The element *ros* occurs in a number of placenames of this type: **Eachros**, steed-promontory; **Damhros**, ox-promontory, and **Luacharos**, rush-promontory are the names of three headlands between Dunglow and Gleann Cholm Cille in West Donegal. Other examples of *ros* in coastal names are **Ros Goill** in Donegal,

supposedly named from Goll Mac Mórna, the great rival of Fionn Mac Cumhaill. **Ros Dumhach** in Mayo, the sandhill promontory, is called Rosport in English. **Ros Ó gCairbre**, Roscarberry in West Cork, takes its name from Uí Chairbre, the dynasty who gave their name to the extensive territory



of Cairbre. The original name of Ros Ó gCairbre was **Ros Ailithir**, the promontory of the pilgrim, the site of an early monastery, the ruins of which can still be seen.

Not all placenames in *ros* are on the coast. **Ros Cré/Roscrea** (Co Tipperary) refers to a wood, hillock, or wooded hillock. **Ros Comáin**, the wood/hillock of Comán, Comán being the saint who is referred to in the early ninth century Féilire Thamhlachta/The Martyrology of Tallaght as simply Comán Ruis, Comán of Ros. Rosenallis in Laois is **Ros Fhionnghlaise**, the wood/hillock of the river Fionnghlaise, or bright stream, and is not named after 'two local belles called Rose and Alice' as one writer of the last century maintained. Still, a bright stream by a wooded hill might be the place to meet either.

Next month: *rinn*.

# AN BÉAL BEO

Antaine Ó Faracháin



## Bean an Leanna

Téann an brón agus an t-uaigneas atá san amhrán seo i bhfeidhm orm i gcónaí. Tá an t-éadóchas go láidir ann, an féinmhagadh, an féintrua agus an íoróin ó thús deireadh. Ní dóigh liom féin gur amhrán éadrom é ar chor ar bith, cé go gceastar go minic mar sin é.

Meas tú ar cumadh an t-amhrán seo thart ar cheantar Chonga (féach véarsa a 6) agus ab shín é an fáth a chloistear 'i gConga' sa líne seo? Ach ansin, más 'i gCorcaigh' a bhí sí le bheith, rud atá i leagan eile, 'dhá uair roimh an lá', b'fheidir go raibh sí ag dul ar imirce. Is ó Chorcaigh a d'imigh cuid mhaith dena longa a thóg daoine on tír seo agus gan dóchas ar bith ann go bhfillfidis. B'fheidir go léiríonn sé seo gné eile fos den amhrán.

1

Agus éirigh i do shuí a bhean a' Jeanna, is ná fan le do  
chaipín a *ghléas*,  
Nó go dtuga tú dhúinn braon uisce *beatha*, nó braon de  
do chuid leanna *féin*.  
Agus beidh muid ag ól anseo go *maidín*, seo sláinte na  
bhfeir uilig go *léir*.  
'S nuair a fhágfas an mháistreas an *baile*, beidh an caifín  
is deise agam *féin*.

2

Is a Thiarna céard a dhéanfas mé *amárach*, nuair a  
fheicfeas mé mo ghrá a' gabháil *aniar*,  
'S gan goir agam a theacht ina *láthair*, leis an méid a bhí  
eadrainn (*a riamh*).  
Nuair a smaoiním ar a súgradh 's ar a *gáire*, 'gus ar a dhá  
láimhín gheala a bhí *fial*,  
Nach dtiteann mo chroí istigh i *ndólás*, agus goilim féin  
mórán ina *diaidh*.

3

Bhí mise tráthnóna 's mé *sugach*, 's mé a' triall ar tigh  
Mhicil sa *ngleann*.  
Bhí streacán de shean-phíobaire *caoch* ann, agus jug  
poitín líonta aige ar *clár*.  
Ó thitéamar marbh lag *síos* ann, níor fhan mothú 'nár  
gcois ná 'nár *láimh*.  
Seo sláinte féile ar *sínsear*, agus íocfaidh mé féin an  
*reicneáil*.

4

'S nach fada mo chosa gan *bróga*, 's nach fada mo *phócaí*  
gan *pingin*.  
'S nach fada mé a' siúl le mná *oga*, ach níor ól mé aon  
deor fos le mo *mhian*.  
'S nach fada mo chón(t)ra dhá *deanamh*, mo *chróchar*  
dhá breacadh ag na *saoir*.  
Mo thuama dhá tóigeáil la *Earraigh*, 's na buachaillí *oga*  
ag gabháil *faoi*.

5

Agus shuíl mise bograch agus *sléibhte*, agus cnoic a bhí  
*gear* as a *mbarr*.  
'Gus a lán bealaí eile nach *ndéarfainn*, 's gan unsa ar bith  
céille i mo *cheann*.  
Ar thuairisc mo stáidbheanín *bheasaigh*, nach sínfead mo  
*thaobh* léi go *brách*.  
Go mba chóra dhi bheith 'na codladh taobh *thuas* díom,  
ná 'bheith i *gConga* dhá uair roimh a' *lá*.

**Tá leaganacha éagsúla de ar fáil ar na taifeadtaí seo a leanas:**

Cruach na Caoile (Michael Mháire a' Ghabha agus  
Caitriona Ní Cheannabháin) CIC 007, Tógfaidh mé mo  
Sheolta (Máire Uí Dhroighneáin, Peatsaí Ó Ceannabháin,  
Pat Phádraic Tom Ó Conghaile) CIC 088, Glór Mhaigh  
Eo (Tomás Ó Máille, Pádraig Ó Maolruaidh, Mícheál Ó  
Seighin, Donncha Ó Gallchobhair, Cáit Nic Suibhne,  
Mícheál Ó Conghóile, Fiachna Ó Mongáin) CICD 125,  
agus Amhrán ar an Sean-Nós RTE CD185.

**Tá Trí chóip den chaiséad Glór Mhaigh Eo le buachaint ach an cheist seo a fhreagairt:**

**Cén t-ainm atá ar an dá oileán siar ón bhFód Dubh, Iorras, Co Mhaigh Eo?**

**Freagraí chuig: Cuisle, Casla, Co na Gaillimhe**

Cló Iar-Chonnachta • Teil: 091-593307 • Faics: 091-593362 • [cic@iol.ie](mailto:cic@iol.ie)



# Athmhúnlú na Córa

Tá athrú bunúsach i ndán don RUC de thairbhe thuairisc Chris Patten, más mall gasta a thiocfaidh ann dó, dar le SEÁN MAG UIDHIR

**C**UIREADH AN COIMISIÚN um Chearta Daonna ar bun i mbliana, agus tá a príomhfheidhmeannach Bryce Dickson ag obair leis. Cúpla seachtain ó shin tháinig an Coimisiún um Cothromaíocht ar an saol faoin stiúthóir nua Joan Harbinson. Beidh na rialtais ábalta gníomhú fosta maidir leis an Ghaeilge agus ó tharla go bhfuil rialtas na Breataine ag glacadh leis an Chairt Eorpach do na Teangacha Mionlaigh agus Régiúnda, beidh teacht agus feiceáil ar an Ghaeilge ó thuaidh.

Más olc leis na hAontachtóirí na forbairtí seo uilig de bhrí go bhfuil lorg Shinn Féin ar an chuid sin d'Aontas Aoine an Chéasta (AAC), is beag iad i gcomortas le ceist mhór eile atá ag croílár na coimhlinte ó thuaidh, sin iad moltaí an iar-aire Breatnach Chris Patten ar an phóilíneacht.

Tuar conspóide a bhí i dtuairisc Phatten. Ó tháinig ann don RUC aimsir bhunú an stáit ó thuaidh i 1921, chonacthas do na náisiúnaithe i gcónaí gur phéas Protastúnach do phobal Protastúnach iad. Ní raibh an deichiú cuid den fhórsa ina gCaitlicigh riamh, fiú sna laethanta ba shíochánta i lár na '60í, agus anois is de bhunadh an phobail Phrotastúnaigh 93%.

Tá an RUC níos cosúla le harm ná péasfhórsa sibhialta, iad armtha go trom agus feithchil acu a shamhlófa le cogadh mór. D'aithin AAC go gcaithfí an RUC a athrú ó bhun go barr dá mbeadh seans ar bith ann go mbeadh ionadaíocht an phobail ar fad sna póilíní.

Ar ndóigh bhí a fhios ag Patten nach mó ná sásta a bheadh na haontachtóirí faoi dtaobh de sin. Mar

dar leo gur throid an RUC in aghaidh an IRA chun an stát ó thuaidh a chosaint. Bhí a fhios ag Patten fosta nach sásódh rud ar bith na poblachtóirí ach deireadh iomlán leis an RUC. Ba léir go dtiocfadh Patten isteach bealach éigin idir an dá sheasmh sin, agus de réir an Aontais cuireadh iachall air seirbhís péis a bhunú a bheadh ionadaíoch, freagrach, sibhialta agus gan airm.

Chaith Patten bliain ag bualadh le daoine ag cruinnithe ar fud na Sé Chontae. Ag cruinnithe teasaí sna ceantair náisiúnacha, d'éist sé le cuntais faoi shárú a rinne an RUC ar chearta daonna: marú páistí le piléir phlaisteacha, rannpháirtíocht sna grúpaí armtha dílseacha, agus eile.

Bhí Patten in ainm a thuairisc a chur i gcló nuair a bheadh institiúidí stáit ag feidhmiú ó thuaidh. Ní mar sin a tharla, mar leis an gcliseadh ar an phróiseas polaitiúil i Mí Iúil bhí ar Patten an tuairisc a fhoilsiú agus gan rialtas i Stormont.

## 'D'éirigh le sceitheadh na doiciméide an chealg a bhaint aisti'

Bhí a fhios ag rialtas na Breataine cé chomh conspóideach agus a bheadh an tuairisc. Dá thairbhe sin scaoil siad amach ina phíosáí é. Ach d'éirigh le sceitheadh na doiciméide an chealg a bhaint aisti. Fós féin bhí na hAontachtóirí ar buile leis na moltaí chun éide, ainm, agus suaitheantas nua a fháil don fhórsa agus chun deireadh a chur le heitilt an Union Jack ar na beairicí.

Is ar an siombalachas seo is mó atá an freasúra aontachtach dírithe. Tá feachtas ar bun leis an RUC a shábháil, mar tuigeann na haontachtóirí go

mbeidh deireadh leis an fhórsa mar ba mhaith leo é má chuirtear na moltaí i bhfeidhm. Cé go mbeidh tréimhse ann a mbeidh Ronnie Flanagan agus ceannasaithe na linne i réim go fóill, tiocfaidh athrú ar an scéal, agus don chéad uair riamh beidh siad freagrach do choistí áitiúla tofa. Beidh sé de chumhacht ag an bpríomhchoiste an Príomh-Chonstábla a bhriseadh as a phost.

Níl na náisiúnaithe chomh buartha faoin siombalachas, mar tá siad ag amharc ar shubstaint na n-athruithe. Tá siad sásta leis na ranna a bhaineann le freagracht, agus tuigtear go gcuirfidh an cothromú ionadaíoch athrú iomlán ar chleachtas, chultúr agus chomh-dhéanamh an RUC.

## 'Ridire amháin ar chapall bán'


Cé nár labhair Sinn Féin go poiblí faoi na moltaí, ba mhaith leo scor an RUC, agus is léir go gcreideann siad go bhfuil deis sa tuairisc chun deireadh de facto a chur leis. Bhí easpa póilín-teachta i gceantair náisiúnacha le 30 bliain anuas, agus líon na grúpaí armtha an bhéarna. Ach cé go raibh tacaíocht ann don sórt seo póilín-teachta ar fud an tuaiscirt, ba mhór le daoine seirbhís oifigiúil phóilín-teachta.

Tá tréimhse trí mhí ag na páirtithe agus ar ndóigh ag an phobal chun a dhearcadh a nochtadh ar mholtaí Patten. Leis na coinníollacha a leagadh síos do Phatten sa chéad dul síos tá sé deacair a fheiceáil cad é mar is féidir le Westminster cúlú ó na mholtaí agus, íoróineach go leor, níl ach ridire amháin ar chapall bán is féidir an seanRUC a shábháil anois agus is é sin an feachtas mórthuartha atá an FíorIRA ar tí toiseacht arís más fíor do na Gardaí agus don RUC.



# NA RÍOMHA ÁIS NÓ MEILT AM



 From the humble word processor to the classroom web page, computer technology is changing the face of education at a bewildering pace. But does it help teachers teach, or is it just a big distraction and a glorious excuse to waste time? Ops, gotta go, I'm hooked up to the internet and the clock is ticking...

TA RÉ NA TEICNEOLAIOCHTA thairt orainn agus ní feidir éalú uaidh. Go luath amach arseo, deirtear linn, beidh ar gcuid siopadóireachta ar fad a déanamh againn ar an idirlíon. Ní haon chúis iontais go bhfuil an teicneolaíocht cheanna tagtha isteach sna scoileanna. Níl scoil sa tír fágtha gan aiseanna ríomhaireachta aoiús.

Ach an gcuireann na ríomhairí ceanna leis an oideachas nó nach gcuireann? Is é an freagra is ionraice ar an gceist sin ná go gcuireann, má bhaintear feidhm choir cheart astu. Chuirge sin is go múinteoirí sár-eagraithe a bheith againn, tuiscintí agus scileanna ar leith acu – go mórmhor scileanna clóscríbhneoireachta.

Bionn bunfaiste áirithe ag daltaí óga thairt múinteoirí nar thás aoiús i ré na teicneolaíochta nua. Ní aon daltaí ann ach go mbionn an t-aos óg go maith ag lámhseall ríomhairí. Ach bíonn scileanna áirithe de dhíth i dtreo is go mbeirfeair an usáid is éifeachtaí astu – agus ar bharr an fíosta

lá na scileanna clóscríbhneoireachta úd.

Is díot trua go bhfuil gáirín páistí ag fágáil na mbunscóileanna, iad dílte i lámhseall an ríomhaire ach gan na scileanna mearshláir is bunúsai acu. Agus rud eile, ní taca is measa ná ríomhaire amháin le haghaidh rang solmáin de 30 páiste. Séard a theastaíonn ná seonra ríomhaireachta, arís a mbeadh fall ar ríomhaire in aghaidh an dalta agus deis ag múinteoir rang ríomhaireachta a mhúineadh go héifeachtach.

Arís eile múinteoireachta a an ríomhaire agus sin an méid. Ní thógann se ar na scileanna bunúsacha sa phurataim agus níor cheart go dtógadh. Tig le daltaí eolas a aimsiú leis. Tig leo cur lena stór eolais ar abhar ar bith leis. Ach is áis é amháin na bailleacháin veabhar na clikpeid srl. Is rud é gur feidir an tuafas arís a chus amú leis treisín.

Má bhaintear idir thairtneamh agus thairbhe araon ar, beidh fíonn.

# Céard a bheas ionatsa nuair a bheas tú mór?

Dia daoibh, a pháistí! Tá mé fíorshásta inniu. Tá páistí na tíre ag scríobh chugam. Tá súil agam go mbeidh t-léine Chuisle oraibh, a pháistí nuair a bheas sibh ag spraoi! Insígí do bhur gcuid cairde go bhfuil cara agaibh sa gClúid. Rua, an seanleon mantach! Níl agam daoibh an mhí seo ach scéal beag gearr, a pháistí. Tháing litir ón Afraic agus caithfidh dul mé ann. Ní raibh sa litir ach 'Rua ag teastáil san Afraic!' B'fhéidir go bhfuil ceann de na fáinleoga tinn. Nó b'fhéidir go

dteastaíonn rí nua uathu ar an tír. Rí Rua – sin é an t-ainm a bheas orm! Agus má scríobhann

sibh chugam beidh oraibh 'Rí Rua' a scríobh ar an gclúdach.

Nuair a bhí mise i mo choileán leoin, shíl mé gur mhaith liom a bheith i mo rí. I mo rí ar na hainmhithe ar fad. Ach níl mé cinnte anois. Bíonn ar an Rí éirí go moch, agus clóca trom a chaitheamh fiú agus é te, agus is dóigh nach mbíonn deis aige na crosfhocail a dhéanamh. Ar mhaith libhse a bheith i bhur rí, a pháistí?

Na páistí ar fad a scríobh chugam – Caitríona, Caoimhe, Catherine, Rónán, Seán, Darach, Éadaoin, Deirdre, Cristina, Pádraig, Antoin, Loinnir,



Niamh, Leah, Peadar, Róis agus na páistí eile ar fad – céard ba mhaith libhse a dhéanamh nuair a bheas sibh mór?

Bhuel, insímse mo scéalsa daoibh gach mí. Ar mhaith libhse scéal a scríobh domsa an mhí seo? Scéal faoin saol ba mhaith libh nuair a bheas sibh mór? Cabhróidh Mamaí nó Deaide libh, nó an múinteoir.

Scríobhaigí chuig:

Rua, An Chlúid,

Cuisle,

Casla,

Co na Gaillimhe.

Anois, caithfidh mé imeacht. Tá Rua ag teastáil san Afraic!

DJ.

**Comhghairdeachas leis na páistí cliste a bhualgh t-léine an mhí seo.**

**RÓIS SONA**

Dróim a'Mhaoir

Bun an Phobail

Co Dhún na nGall

**LEAN NÍ MHÁRTA**

29 Ard Fraoigh

Bóthar an Chlaí Bháin, Gaillimh

**SEÁN Ó LUANAIGH**

Leac Bán

Domhnach Mór, Co Chorcaí

**NIAMH Ó CATHÁIN**

18 Páirc na Boilge

Ceatharlach, Co Cheatharlach

**LOINNIR NÍ DHONNGHAILE**

24 Seisiú Dhonnchaidh, An Cheapach

Dún Geanainn, Tír Eoghain BT 70 2PF

**ANTOIN MAC RÓIBÍN**

40 Cnoc Ripley, Br Chill tSairn

Brí Chualall, Co Cill Manntáin

**PEADAR MAC GIOLLA CHLAOIN**

50, Garrán Cheann Córadh

Cluain Tarbh, Baile Átha Cliath 3

**CRISTINA NÍ BHUACHALLA**

7 Averard West, Bóthar Ard, Gaillimh

**NIAMH NÍ RUISÉIL**

Baile an Chaisleáin

Inis Olrr, Co na Gaillimhe

## Leabhair


### MÍREANNA MEARAÍ

Maisithe ag Maureen Roffey,  
Gabriel Rosenstock a rinne an leagan Gaeilge.



#### Bréagáin

Uimhir Chatalóige GR1596  
ISBN 1-85791-323-X £3.99



#### An Fheirm

Uimhir Chatalóige GR1597  
ISBN 1-85791-325.6 £3.99



#### An Zú

Uimhir Chatalóige GR1598  
ISBN 1-85791-324-8 £3.99



#### Ó Mhaldin go hÓfche

Uimhir Chatalóige GR1599  
ISBN 1-85791-322-1 £3.99

## Don Naíonra

Sraith spraoileabhar a úsáideann míreanna mearaí chun bunscileanna a chleachtadh: comhaireamh, cruthanna agus dathanna a aithint.

Chomh furasta lena bhfaca tú riamh!

**Ar fáil saor in aisce.**


Catalóg  
Leabhair do Dhaoine Óga  
Cuir fios uirthi.

**AN GUM**

44 Sráid Uí Chonaill Uacht., Baile Átha Cliath 1  
Ríomhphost: gum@educ.irigov.ie  
Tell: (01) 889 2229

Ar fáil tríd an bpost ó:  
An Slopa Leabhar (01) 478 3814  
An Rannóg Postdiola (01) 647 6835





Logainm nua ar  
léarscáil na linne...

[www.bnag.ie](http://www.bnag.ie)

...your link to the language

 Bord na Gaeilge

1850 325 325  
[eolas@bnag.ie](mailto:eolas@bnag.ie)